**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta*

**2020/0267(COD)**

9.3.2021

# ***I
# DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas píolótach le haghaidh bonneagair mhargaidh bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte
(COM(2020)0594 – C9-0305/2020 – 2020/0267(COD))

an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Johan Van Overtveldt

### *Siombailí do na nósanna imeachta*

| | |
|---|---|
| * | Nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta rechtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Na leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á bhreithniú. Má bhaineann an leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus ar athruithe iad a rinne an roinn dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## AN CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA......................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ...................................................................................................96

## DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas píolótach le haghaidh bonneagair mhargaidh bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte**
**(COM(2020)0594 – C9-0305/2020 – 2020/0267(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2020)0594),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0305/2020),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 2 Márta 2021[1],

– ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach[2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0000/2021),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. a threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

---
[1] IO C xxx, xx.x.2021, lch. xx.
[2] IO C xxx, xx.x.2021, lch. xx.

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Is é is aidhm don teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le Straitéis Airgeadais Dhigitigh[32] a áirithiú go bhfuil reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais oiriúnach don aois dhigiteach agus go gcuireann sé le geilleagar atá ullamh don todhchaí agus a oibríonn don phobal, lena n-áirítear trí úsáid teicneolaíochtaí nuálacha a chumasú. Tá leas beartais ag an Aontas glacadh teicneolaíochtaí claochlaitheacha san earnáil airgeadais, amhail blocshlabhra agus teicneolaíocht mórleabhar dáilte ('DLT'), a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tá criptea-shócmhainní ar cheann de na príomhbhealaí a gcuirtear DLT chun feidhme le haghaidh airgeadais. | (1) Is é is aidhm don teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le Straitéis Airgeadais Dhigitigh[32] a áirithiú go bhfuil reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais oiriúnach don aois dhigiteach agus go gcuireann sé le geilleagar atá ullamh don todhchaí agus a oibríonn don phobal, lena n-áirítear trí úsáid teicneolaíochtaí nuálacha a chumasú. Tá leas beartais ag an Aontas glacadh teicneolaíochtaí claochlaitheacha san earnáil airgeadais, amhail blocshlabhra agus teicneolaíocht mórleabhar dáilte ('DLT'), ***a scrúdú***, a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tá criptea-shócmhainní ar cheann de na príomhbhealaí a gcuirtear DLT chun feidhme le haghaidh airgeadais. |
| [32] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Airgeadais Dhigitigh don Aontas COM/2020/591 | [32] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Airgeadais Dhigitigh don Aontas COM/2020/591 |

Or. en

*Réasúnú*

*Is iomchuí a lua go bhfuil sé i gceist freisin leis an gcóras píolótach scrúdú a dhéanamh ar ghlacadh teicneolaíochtaí nuálacha, d'fhonn samhlacha nua gnó a thástáil agus, ar an gcaoi sin, eolas a chur ar fáil d'fhorbairtí reachtacha amach anseo.*

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1 a) Ba cheart feidhm a bheith ag prionsabail na neodrachta teicneolaíochta, na comhréireachta, na*** |

| | |
|---|---|
| | ***cothroime iomaíochta, agus "gníomhaíocht chéanna, na rioscaí céanna, na rialacha céanna" chun a áirithiú go mbeidh an spás rialála ag rannpháirtithe margaidh chun nuála agus chun seasamh le luachanna na trédhearcachta, na cothroime, na cobhsaíochta, na cosanta tomhaltóirí agus infheisteoirí, na cuntasachta, na sláine margaidh, agus na cosanta príobháideachais agus sonraí pearsanta, mar a ráthaítear le hAirteagal 7 agus le hAirteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Is iomchuí béim a leagan ar bhunphrionsabail chlár oibre Aontas na Margaí Caipitil ar cheart iad a chomhlíonadh leis an Rialachán seo.*

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1b) Ba cheart maoiniú digiteach a mheas mar uirlis riachtanach agus éifeachtach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) an Aontais, a bhfuil sé ar a gcumas réitigh éifeachtacha thapa atá oiriúnaithe dá riachtanais mhaoinithe a chur ar fáil. Thairis sin, d'fhéadfadh an t-airgeadas digiteach a bheith ina chabhair leis an mbearna mhaoinithe do FBManna a dhúnadh.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Is iomchuí aithris a thabhairt isteach sa Rialachán chun a léiriú go bhféadfadh Córas Píolótach DLT rannchuidiú leis an mbearna maoinithe FBM a dhúnadh.*

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Ní thagann tromlach na gcriptea-shócmhainní faoi raon feidhme reachtaíocht ***an Aontais*** agus is cúis iad le dúshláin, i measc nithe eile, i dtaca le cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais. Dá bhrí sin tá gá le córas tiomnaithe ar leibhéal an Aontais ina leith. Os a choinne sin, tá criptea-shócmhainní eile incháilithe mar ionstraimí airgeadais de réir bhrí Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais, MiFID II)[33]. A mhéid atá criptea-shócmhainn incháilithe mar ionstraim airgeadais faoin Treoir sin, féadfaidh tacar iomlán de rialacha airgeadais de chuid an Aontais, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Rialachán Réamheolaire)[34], Treoir 2013/50/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Treoir um Thrédhearcacht)[35], Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa ón gComhairle (an Rialachán maidir Drochúsáid Margaidh)[36], Rialachán (AE) Uimh 236/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Rialachán an Díola Fholaimh)[37], Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús)[38] agus Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta)[39] a bheith infheidhme maidir lena heisitheoir agus leis na gnólachtaí a dhéanann gníomhaíochtaí ina leith. Ceadchomharthú ionstraimí airgeadais, mar a thugtar air, is é sin ionstraimí airgeadais a chlaochlú ina gcriptea-shócmhainní chun gur féidir iad a eisiúint, a stóráil agus a aistriú ar mhórleabhar | (2) Ní thagann tromlach na gcriptea-shócmhainní faoi raon feidhme reachtaíocht ***an Aontais*** agus is cúis iad le dúshláin, i measc nithe eile, i dtaca le cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais. Dá bhrí sin tá gá le córas tiomnaithe ar leibhéal an Aontais ina leith. Os a choinne sin, tá criptea-shócmhainní eile incháilithe mar ionstraimí airgeadais de réir bhrí Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais, MiFID II)[33]. A mhéid atá criptea-shócmhainn incháilithe mar ionstraim airgeadais faoin Treoir sin, féadfaidh tacar iomlán de rialacha airgeadais de chuid an Aontais, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Rialachán Réamheolaire)[34], Treoir 2013/50/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Treoir um Thrédhearcacht)[35], Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa ón gComhairle (an Rialachán maidir Drochúsáid Margaidh)[36], Rialachán (AE) Uimh 236/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Rialachán an Díola Fholaimh)[37], Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús)[38] agus Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta)[39] a bheith infheidhme maidir lena heisitheoir agus leis na gnólachtaí a dhéanann gníomhaíochtaí ina leith. Ceadchomharthú ionstraimí airgeadais, mar a thugtar air, is é sin ionstraimí airgeadais a chlaochlú ina gcriptea-shócmhainní chun gur féidir iad a eisiúint, a stóráil agus a aistriú ar mhórleabhar |

dáilte, táthar ag súil go gcruthóidh sé deiseanna chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht sa limistéar ***iomlán*** trádála agus iarthrádála.

---

Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE, IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

[34] Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch. 12).

[35] Treoir 2013/50/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialaithe, Treoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a bheidh urrúis á dtairscint don phobal nó nuair a ligfear isteach iad chun a dtrádála agus Treoir 2007/14/CE ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe ó Threoir 2004/109/CE (IO L 294, 6.11.2013, lch. 13)

dáilte, táthar ag súil go gcruthóidh sé deiseanna chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht ***roinnt gnéithe den*** limistéar trádála agus iarthrádála. ***Mar sin féin, ós rud é go bhfuil na comhbhabhtálacha bunúsacha lena mbaineann riosca creidmheasa agus leachtacht fós sa fanta domhan ceadchomharthaithe, beidh rath na gcóras ceadchomharthaitheag brath ar a fheabhas a bhíonn siad ag idirghníomhú le córais thraidisiúnta chuntasbhunaithe, ar a laghad san idirthréimhse.***

---

[33] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

[34] Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch. 12).

[35] Treoir 2013/50/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialaithe, Treoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a bheidh urrúis á dtairscint don phobal nó nuair a ligfear isteach iad chun a dtrádála agus Treoir 2007/14/CE ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe ó Threoir 2004/109/CE (IO L 294, 6.11.2013, lch. 13)

| | |
|---|---|
| [36] Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lch. 1) | [36] Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lch. 1) |
| [37] Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 maidir le díol folamh agus gnéithe áirithe de bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa (IO L 86, 24.3.2012, lch. 1). | [37] Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 maidir le díol folamh agus gnéithe áirithe de bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa (IO L 86, 24.3.2012, lch. 1). |
| [38] Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014. lch. 1) | [38] Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014. lch. 1) |
| [39] Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45) | [39] Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45) |

Or. en

*Réasúnú*

*Nóta eagarthóireachta, agus meabhrúchán tógtha ó athbhreithniú Ráithiúil BIS Márta 2020, "Maidir le todhchaí socraíochta urrús".*

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Níor ceapadh reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais le | (3) Níor ceapadh reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais le |

| | |
|---|---|
| haghaidh DLT agus criptea-shócmhainní[40], agus is ann d'fhorálacha i reachtaíocht ***an Aontais*** maidir le seirbhísí airgeadais a d'fhéadfadh cosc a chur ar DLT nó srian a chur léi i ndáil le criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais a eisiúint, a thrádáil agus a shocrú. ***Faoi láthair*** tá easpa de bhonneagair mhargaidh ann a bhaineann úsáid as DLT ***agus a sholáthraíonn*** seirbhísí trádála ***agus*** socraíochta le haghaidh criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais. In éagmais margadh tánaisteach a bheadh ábalta leachtacht a sholáthar agus infheisteoirí a chumasú sócmhainní den sórt sin a cheannach agus a dhíol, ní mhéadóidh an margadh príomhúil le haghaidh criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais ar bhealach inbhuanaithe riamh. | haghaidh DLT agus criptea-shócmhainní[40], agus is ann d'fhorálacha i reachtaíocht ***an Aontais*** maidir le seirbhísí airgeadais a d'fhéadfadh cosc a chur ar DLT nó srian a chur léi i ndáil le criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais a eisiúint, a thrádáil agus a shocrú. ***Faoi láthair*** tá easpa de bhonneagair mhargaidh ann a bhaineann úsáid as DLT ***chun*** seirbhísí trádála ***nó*** socraíochta ***a sholáthar*** le haghaidh criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais. In éagmais margadh tánaisteach a bheadh ábalta leachtacht a sholáthar agus infheisteoirí a chumasú sócmhainní den sórt sin a cheannach agus a dhíol, ní mhéadóidh an margadh príomhúil le haghaidh criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais ar bhealach inbhuanaithe riamh. |
| [40] An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, Tuarascáil ina bhfuil comhairle maidir le tairiscint tosaigh bonn agus Criptea-Shócmhainní (ESMA50-157-1391) | [40] An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, Tuarascáil ina bhfuil comhairle maidir le tairiscint tosaigh bonn agus Criptea-Shócmhainní (ESMA50-157-1391) |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúlacha eagarthóireachta.*

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) An tráth céanna, is ann do bhearnaí rialála i ngeall ar shainiúlachtaí dlíthiúla, teicniúla agus oibríochtúla a bhaineann le húsáid DLT agus chriptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais. Mar shampla, ní fhorchuirtear aon cheanglas trédhearcachta, iontaofachta agus sábháilteachta ar na prótacail agus | (4) An tráth céanna, is ann do bhearnaí rialála i ngeall ar shainiúlachtaí dlíthiúla, teicniúla agus oibríochtúla a bhaineann le húsáid DLT agus chriptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais. Mar shampla, ní fhorchuirtear aon cheanglas trédhearcachta, iontaofachta agus sábháilteachta ar na prótacail agus |

conarthaí cliste atá ina mbonn taca do chriptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais. D'fhéadfadh cineálacha nua cibir-rioscaí nach dtugtar aghaidh orthu go hiomchuí leis na rialacha atá ann faoi láthair a bheith ag baint leis an mbunteicneolaíocht. Tá roinnt tionscadal maidir le trádáil agus iarthrádáil criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais forbartha san Aontas, ach is beag tionscadal atá i bhfeidhm nó a bhfuil scála nach bhfuil teoranta acu. I bhfianaise na taithí teoranta sin maidir le trádáil agus iarthrádáil idirbheart i gcriptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais, bheadh sé róluath faoi láthair modhnuithe suntasacha a thabhairt ar reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais chun go mbeifear in ann na criptea-shócmhainní sin agus a mbunteicneolaíocht a úsáid ina n-iomláine. An tráth céanna, tá roinnt ceanglas i reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais ***nach mbeadh*** inoiriúnaithe go hiomlán le haghaidh criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais agus le haghaidh úsáid DLT, ceanglais atá ag cur srian faoi láthair ar bhonneagair mhargaidh le haghaidh criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais. Mar shampla, de ghnáth tugann ardáin trádála le haghaidh criptea-shócmhainní rochtain dhíreach d'infheisteoirí miondíola, ach de ghnáth tugann ionaid trádála traidisiúnta rochtain trí idirghabhálaithe airgeadais.

conarthaí cliste atá ina mbonn taca do chriptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais. D'fhéadfadh cineálacha nua cibir-rioscaí nach dtugtar aghaidh orthu go hiomchuí leis na rialacha atá ann faoi láthair a bheith ag baint leis an mbunteicneolaíocht. Tá roinnt tionscadal maidir le trádáil agus iarthrádáil criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais forbartha san Aontas, ach is beag tionscadal atá i bhfeidhm nó a bhfuil scála nach bhfuil teoranta acu. I bhfianaise na taithí teoranta sin maidir le trádáil agus iarthrádáil idirbheart i gcriptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais, bheadh sé róluath faoi láthair modhnuithe suntasacha a thabhairt ar reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais chun go mbeifear in ann na criptea-shócmhainní sin agus a mbunteicneolaíocht a úsáid ina n-iomláine. An tráth céanna, tá roinnt ceanglas i reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais ***nach bhfuil*** inoiriúnaithe go hiomlán le haghaidh criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais agus le haghaidh úsáid DLT, ceanglais atá ag cur srian faoi láthair ar bhonneagair mhargaidh le haghaidh criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais. Mar shampla, de ghnáth tugann ardáin trádála le haghaidh criptea-shócmhainní rochtain dhíreach d'infheisteoirí miondíola, ach de ghnáth tugann ionaid trádála traidisiúnta rochtain trí idirghabhálaithe airgeadais.

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Chun go mbeifear in ann criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais ***agus*** DLT a fhorbairt, agus leibhéal ard cobhsaíochta airgeadais, sláine an mhargaidh, trédhearcacht agus cosaint infheisteoirí a chaomhnú ag an am céanna, bheadh sé úsáideach córas píolótach a chruthú le haghaidh bonneagair mhargaidh DLT. Le córas píolótach le haghaidh bonneagar mhargaidh DLT, ba cheart go gceadófaí bonneagair mhargaidh den sórt sin a dhíolmhú ó roinnt ceanglas sonrach ó reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais lena bhféadfaí cosc a chur orthu réitigh a fhorbairt le haghaidh trádáil agus socrú idirbheart i gcriptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais. Ba cheart go gcuirfeadh an córas píolótach ar chumas na nÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus ar chumas údarás inniúil taithí a fháil ar na deiseanna agus rioscaí sonracha arna gcruthú le criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais, agus lena mbunteicneolaíocht. | (5) Chun go mbeifear in ann criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais ***bunaithe ar*** DLT a fhorbairt, agus leibhéal ard cobhsaíochta airgeadais, sláine an mhargaidh, trédhearcacht agus cosaint infheisteoirí a chaomhnú ag an am céanna, bheadh sé úsáideach córas píolótach a chruthú le haghaidh bonneagair mhargaidh DLT. Le córas píolótach le haghaidh bonneagar mhargaidh DLT, ba cheart go gceadófaí bonneagair mhargaidh den sórt sin a dhíolmhú ó roinnt ceanglas sonrach ó reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais lena bhféadfaí cosc a chur orthu réitigh a fhorbairt le haghaidh trádáil agus socrú idirbheart i gcriptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais. Ba cheart go gcuirfeadh an córas píolótach ar chumas na nÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus ar chumas údarás inniúil taithí a fháil ar na deiseanna agus rioscaí sonracha arna gcruthú le criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais, agus lena mbunteicneolaíocht. ***Dá bhrí sin, ba cheart go gcabhródh an taithí a fuarthas leis an gcóras píolótach chun tograí praiticiúla a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le creat rialála oiriúnach chun coigeartuithe spriocdhírithe a dhéanamh ar dhlí an Aontais atá ann cheana lena mbaineann eisiúint, cumhdach agus seirbhísiú sócmhainní, trádáil agus socrú ionstraimí airgeadais bunaithe ar DLT.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta. Thairis sin, is iomchuí a lua go sainráite gur cheart go mbeadh an taithí a fuarthas le córas píolótach DLT mar bhonn eolais d'fhorbairtí reachtacha amach anseo.*

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Ba cheart bonneagar margaidh DLT a shainiú mar shaoráid trádála iltaobhach DLT (MTF DLT) ***nó*** mar chóras socraíochta urrús DLT. | (7) Ba cheart bonneagar margaidh DLT a shainiú mar shaoráid trádála iltaobhach DLT (MTF DLT)**,** mar chóras socraíochta urrús DLT***(DLT SSS), nó mar chóras trádála agus socraíochta DLT (DLT TSS)***. |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Molann an Rapóirtéir gur cheart bonneagar margaidh DLT a bhfuil cead aige seirbhísí trádála agus iarthrádála araon a fheidhmiú a mheas mar thríú cineál de bhonneagar margaidh DLT faoin Rialachán seo: Córas Trádála agus Socraíochta (TSS) DLT. Is cineál iomlán úrnua bonneagair margaidh a bheadh in eintiteas den sórt sin agus níor cheart é a mheascadh le MTF DLT nó le SSS DLT.*

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Ba cheart go mbeadh MTF DLT ina shaoráid trádála iltaobhach arna oibriú ag gnólacht infheistíochta nó ag oibreoir margaidh a ***oibríonn*** an gnólacht ***nó*** margaí rialáilte agus, b’fhéidir, an margadh rialáilte féin, a údaraítear faoi Threoir 2014/65/AE (An Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais, MiFID II), agus a bhfuil cead sonrach faighte aige faoin Rialachán seo. Ba cheart do MTF DLT ***den sórt sin*** a bheith faoi réir na gceanglas uile is infheidhme maidir le saoráid trádála iltaobhach faoi chuimsiú Threoir 2014/65/AE (An Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais, MiFID II), Rialachán AE Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón | (8) Ba cheart go mbeadh MTF DLT ina shaoráid trádála iltaobhach arna oibriú ag gnólacht infheistíochta nó ag oibreoir margaidh a ***oibríonn*** gnólacht ***de*** mhargadh rialáilte agus, b’fhéidir, an margadh rialáilte féin, a údaraítear faoi Threoir 2014/65/AE (An Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais, MiFID II), agus a bhfuil cead sonrach faighte aige faoin Rialachán seo. Ba cheart do MTF DLT ***agus a oibreoir*** a bheith faoi réir na gceanglas uile is infheidhme maidir le saoráid trádála iltaobhach ***agus a hoibreoir*** faoi chuimsiú Threoir 2014/65/AE (An Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais, MiFID II), Rialachán AE Uimh. 600/2014 |

| | |
|---|---|
| gComhairle (an Rialachán maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais, MiFIR)[41], nó aon reachtaíocht eile de chuid ***an Aontais*** maidir le seirbhísí airgeadais, ach amháin más rud é gur dheonaigh a údarás inniúil náisiúnta díolúine amháin nó níos mó, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus Treoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42]. | ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Rialachán maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais, MiFIR)[41], nó aon reachtaíocht eile ***is infheidhme de chuid an Aontais*** maidir le seirbhísí airgeadais, ach amháin más rud é gur dheonaigh údarás inniúil náisiúnta ***an oibreora DLT MTF***díolúine amháin nó níos mó, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus Treoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42]. |
| [41] Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84) | [41] Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84) |
| [42] Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2009/65/CE, Treoracha 2009/138/AE, 2011/61/AE, Treoir AE/2013/36, Treoir 2014/65/AE, Treoir (AE) 2015/2366 agus Treoir AE/2016/2341 – COM(2020)596. | [42] Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2009/65/CE, Treoracha 2009/138/AE, 2011/61/AE, Treoir AE/2013/36, Treoir 2014/65/AE, Treoir (AE) 2015/2366 agus Treoir AE/2016/2341 – COM(2020)596. |

Or. en

*Réasúnú*

*Tá ceanglais áirithe infheidhme maidir le hoibreoir an bhonneagair margaidh.*

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Úsáid na teicneolaíochta mórleabhar dáilte, leis na hidirbhearta uile taifeadta i mórleabhar ***díláraithe***, féadfaidh sé trádáil agus socraíocht a bhrostú agus a ghiorrú beagnach i bhfíor-am agus d’fhéadfadh sé gníomhaíochtaí trádála agus iarthrádála a chónascadh. Leis na rialacha | (9) Úsáid na teicneolaíochta mórleabhar dáilte, leis na hidirbhearta uile taifeadta i mórleabhar ***dáilte***, féadfaidh sé trádáil agus socraíocht a bhrostú agus a ghiorrú beagnach i bhfíor-am agus d’fhéadfadh sé gníomhaíochtaí trádála agus iarthrádála a chónascadh. ***Faoi láthair, ní*** |

| | |
|---|---|
| atá i bhfeidhm faoi láthair ***áfach***, beartaítear go ndéanfar gníomhaíochtaí trádála agus socraíochta le bonneagair mhargaidh ar leithligh ó chéile. Le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús) ceanglaítear go ndéanfar ionstraimí airgeadais a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionad trádála de réir bhrí Threoir 2014/65/AE (An Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais, MiFID II), go ndéanfar iad a thaifeadadh le ***taisclann lárnach urrús ('TLU'), agus d'fhéadfaí mórleabhar dáilte a úsáid mar leagan díláraithe den*** taisclann ***sin***. Dá bhrí sin, bheadh bonn cirt le cead a thabhairt do ***MTF*** DLT ***roinnt*** gníomhaíochtaí a ***dhéanamh***, gníomhaíochtaí a dhéanann ***taisclann lárnach urrús*** de ghnáth. Dá bhrí sin, nuair a dheonaítear an ***díolúine/na díolúintí*** ábhartha, ba cheart cead a bheith ag ***MTF*** DLT taifeadadh tosaigh urrúis inaistrithe DLT, socrú idirbheart in urrúis inaistrithe DLT agus slánchoinneáil urrús inaistrithe DLT a áirithiú. | ***cheadaítear teaglaim gníomhaíochtaí trádála agus iarthrádála laistigh d'aon eintiteas dlíthiúil amháin, gan beann ar an teicneolaíocht, mar thoradh ar roghanna beartais a bhaineann le speisialtóireacht riosca agus le cur chun cinn díchuachta chun iomaíocht a spreagadh.*** Leis na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair áfach, beartaítear go ndéanfar gníomhaíochtaí trádála agus socraíochta le bonneagair mhargaidh ar leithligh ó chéile. Ceanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús) ***, CSDR***) go ndéanfar ionstraimí airgeadais a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionad trádála de réir bhrí Threoir 2014/65/AE (An Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais, MiFID II) a thaifeadadh le taisclann lárnach urrús ***(CSD).*** Dá bhrí sin, bheadh bonn cirt le cead a thabhairt do DLT ***bonneagar margaidh a chomhcheangal le*** gníomhaíochtaí a dhéanann ***MTFanna agus SSSanna araon***, de ghnáth. Dá bhrí sin, nuair a dheonaítear an ***cead/na ceadanna*** ábhartha, ba cheart cead a thabhairt go mbeadh ***bonneagar margaidh*** DLT ann chun ***, inter alia, trádáil urrús inaistrithe DLTanna,*** socrú idirbheart in urrúis inaistrithe DLT agus slánchoinneáil urrús inaistrithe DLT a áirithiú. |

Or. en

*Réasúnú*

*Tá an aithris seo nasctha leis an sainmhíniú ar DLT (leasú 46). Tá an Rapóirtéir den tuairi go bhfuil gá le tuilleadh oibre a dhéanamh ar an sainmhíniú sin. Thairis sin, dealraíonn sé uaireanta go measctar na coincheapa 'cead' agus 'díolúine' sa dréacht-Rialachán. Dar leis an Rapóirtéir, is ionann agus cead é cead a thabhairt do MTF DLT dul i mbun gníomhaíochtaí socraíochta urrús; a luaithe a thabharfar an cead sin, ní mór na díolúintí is gá (ó CSDR) a dheonú chun go mbeidh timpeallacht DLT in ann a hacmhainneacht iomlán a bhaint amach.*

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (10) Ba cheart ***córas socraíochta urrús*** DLT a bheith ina chóras socraíochta urrús arna oibriú ag TLU a údaraítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús) a bhfuil cead sonrach faighte aige faoin Rialachán seo. Ba cheart córas socraíochta urrús DLT, agus an TLU a oibríonn é, a bheith faoi réir na gceanglas ***ábhartha*** ó Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús), ach amháin i gcás inar dheonaigh an t-údarás inniúil náisiúnta díolúine amháin nó roinnt díolúintí don TLU a fheidhmíonn córas socraíochta urrús DLT, i gcomhréir leis an Rialachán seo. | (10) Ba cheart ***SSS*** DLT a bheith ina chóras socraíochta urrús arna oibriú ag TLU a údaraítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús) a bhfuil cead sonrach faighte aige faoin Rialachán seo. Ba cheart córas socraíochta urrús DLT, agus an TLU a oibríonn é, a bheith faoi réir na gceanglas ***go léir is infheidhme maidir le córas socraíochta urrús agus a thaisclann lárnach urrús faoi chuimsiú*** Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús***, CSDR***) ***Threoir 98/26/CE (an Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta), nó faoi chuimsiú aon reachtaíochta eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le seirbhísí airgeadais,***, ach amháin i gcás inar dheonaigh an t-údarás inniúil náisiúnta díolúine amháin nó roinnt díolúintí don TLU a fheidhmíonn córas socraíochta urrús DLT, i gcomhréir leis an Rialachán seo. |

Or. en

*Réasúnú*

*Is iomchuí a thabhairt chun suntais go bhfuil feidhm freisin ag 'aon reachtaíocht eile AE maidir le seirbhísí airgeadais is infheidhme' seachas RTLU agus an Treoir Socraíochta Airgeadais. Thairis sin, tá ceanglais áirithe infheidhme maidir le hoibreoir an bhonneagair margaidh.*

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(10a) Is é ba cheart a bheith i TSS DLT*** |

| | |
|---|---|
| | ***bonneagar margaidh DLT arna oibriú ag gnólacht infheistíochta, ag oibreoir margaidh, nó ag taisclann lárnach urrús, a fhaigheann cead sonrach faoin Rialachán seo gníomhaíochtaí MTF DLT agus gníomhaíochtaí DLT SSS araon a chomhcheangal. Ba cheart DLT TSS agus a oibreoir a údarú faoi Threoir 2014/65/AE (Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais, MiFID II) agus Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús, CSDR). Ba cheart go mbeadh DLT TSS agus a oibreoir faoi réir na gceanglas is infheidhme maidir le MTF DLT agus maidir le DLT SSS araon, chomh maith lena n-oibreoirí, faoin Rialachán seo, agus i gcás inarb ábhartha, ba cheart an deis a bheith acu na díolúintí céanna dá bhforáiltear faoin Rialachán seo a dheonú dóibh.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Molann an Rapóirtéir gur cheart bonneagar margaidh DLT a bhfuil cead aige seirbhísí trádála agus iarthrádála araon a fheidhmiú a mheas mar thríú cineál de bhonneagar margaidh DLT faoin Rialachán seo: Córas Trádála agus Socraíochta (TSS) DLT. Is cineál iomlán úrnua bonneagair margaidh a bheadh in eintiteas den sórt sin agus níor cheart é a mheascadh le MTF DLT nó le SSS DLT.*

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Níor cheart ***MTF DLT nó TLU a fheidhmíonn córas socraíochta urrús DLT*** ach urrús inaistrithe DLT a ligean isteach chun a dtrádála nó a thaifeadadh ar ***a*** mórleabhar dáilte. Ba cheart urrúis inaistrithe DLT a bheith ina gcriptea-shócmhainní atá incháilithe mar 'urrúis inaistrithe' de réir bhrí Threoir 2014/65/AE | (11) Níor cheart ***bonneagair mhargaidh DLT*** ach urrús inaistrithe DLT a ligean isteach chun a dtrádála nó a thaifeadadh ar mhórleabhar dáilte. Ba cheart urrúis inaistrithe DLT a bheith ina gcriptea-shócmhainní atá incháilithe mar 'urrúis inaistrithe' de réir bhrí Threoir 2014/65/AE (an Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí |

| | |
|---|---|
| (an Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais, MiFID II) agus a eisítear, a aistrítear agus a stóráiltear ar mhórleabhar dáilte. | Airgeadais, ***cé is moite d'admhálacha taisclainne,***MiFID II) agus a eisítear, a aistrítear agus a stóráiltear ar mhórleabhar dáilte. ***Ba cheart bonneagair mhargaidh DLT a bheith faoi dhliteanas i leith rioscaí a bhaineann le feidhmiú DLT a oibríonn siad, go háirithe rioscaí trédhearcachta mórleabhar, cibear-rioscaí agus rioscaí oibríochtúla.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Tá sé níos iomchuí anseo an téarma cineálach 'bonneagair mhargaidh DLT' (lena n-áirítear TSS DLT) a úsáid. Thairis sin, tagraíonn an sainmhíniú ar 'urrúis inaistrithe DLT' d'Airteagal 4(1)(44) (a) agus (b) de MiFID II, lena n-áirítear ní hamháin scaireanna agus bannaí, ach admhálacha taisce freisin i leith scaireanna nó bannaí. I dtimpeallacht DLT, d'fhéadfaí glacadh le scaireanna agus bannaí mar cheadchomharthaí urrúis 'dúchasacha' agus is féidir glacadh le hadmhálacha taisce mar cheadchomharthaí urrúis 'de bhun sócmhainní' arb ionann iad agus cearta úinéireachta i leith bunscair nó bunbhanna traidisiúnta. Is gá a shoiléiriú nach bhfuil feidhm ag an Rialachán ach maidir le ceadchomharthaí urrúis 'dúchasacha' mar a thugtar orthu (i.e. scaireanna agus bannaí a chruthaítear nó a eisítear ar DLT agus nach ann dóibh lasmuigh de mhórleabhar DLT). An tuiscint atá ag an Rapóirtéir nach bhfuil feidhm ag an Rialachán seo ach maidir le ceadchomharthaí urrúis 'dúchasacha', tá sí bunaithe ar na teorainneacha in Airteagal 3 nach bhfuil feidhm acu ach maidir le scaireanna agus bannaí (agus ní maidir le hadmhálacha taisce). Ar deireadh, moltar a shoiléiriú go hiomlán gur cheart go bhfanfadh an dliteanas maidir le feidhmiú an DLT ar leith a úsáidtear le bonneagair mhargadh DLT ar leith.*

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Chun nuálaíocht agus tástáil a éascú i dtimpeallacht fhónta rialála agus cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú ag an am céanna, ba cheart cineál na n-urrús inaistrithe ***a ligtear isteach chun a dtrádála ar MTF DLT nó a thaifeadadh in TLU a oibríonn córas socraíochta urrús DLT*** a bheith teoranta d'urrúis, amhail scaireanna agus bannaí ***nach bhfuil leachtach***. ***Chun a chinneadh an bhfuil*** | (12) Chun nuálaíocht agus tástáil a éascú i dtimpeallacht fhónta rialála agus cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú ag an am céanna, ba cheart cineál na n-urrús inaistrithe ***arna seirbhísiú ag bonneagar margaidh DLT*** a bheith teoranta d'urrúis, amhail scaireanna agus bannaí, ***faoi bhun*** na dtairseach luacha ***a leagtar amach sa Rialachán seo***. Chun aon riosca don chobhsaíocht airgeadais a d'fhéadfadh |

| | |
|---|---|
| ***scair nó banna leachtach nó nach bhfuil, ba cheart don Rialachán seo*** roinnt tairseacha luacha a shocrú. Chun aon riosca don chobhsaíocht airgeadais a d'fhéadfadh teacht chun cinn a sheachaint, ba cheart margadhluach iomlán urrús inaistrithe DLT arna dtaifeadadh ag ***TLU a oibríonn córas socraíochta urrús, nó a ligtear isteach chun a dtrádála ag MTF*** DLT a bheith teoranta freisin. ***Ba cheart cosc a chur freisin ar bhonneagair mhargaidh DLT a ligean isteach chun a dtrádála nó a thaifeadadh ar bhannaí ceannasacha an mhórleabhair dáilte***. Chun a fhíorú go ***gcomhlíonann*** urrúis inaistrithe DLT arna dtrádáil nó arna dtaifeadadh ag bonneagar margaidh DLT na coinníollacha a fhorchuirtear faoin Rialachán seo, ba cheart ***cead a bheith*** ag údaráis inniúla náisiúnta ceangal a chur ar bhonneagair mhargaidh DLT tuarascálacha a chur isteach. | teacht chun cinn a sheachaint, ba cheart margadhluach iomlán urrús inaistrithe DLT arna dtaifeadadh ag ***SSS DLT*** nó ***TSS*** DLT a bheith teoranta freisin. Chun a fhíorú go ***gcomhlíonann*** urrúis inaistrithe DLT arna dtrádáil nó arna dtaifeadadh ag bonneagar margaidh DLT na coinníollacha a fhorchuirtear faoin Rialachán seo, ba cheart cead a bheith ag údaráis inniúla náisiúnta ceangal a chur ar bhonneagair mhargaidh DLT tuarascálacha a chur isteach. |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Tá sé níos iomchuí anseo an téarma cineálach 'bonneagair mhargaidh DLT' (lena n-áirítear TSS DLT) a úsáid. Ina theannta sin, ní tomhas leachtachta iad na tairseacha a shainítear sa Rialachán mar ní bhaineann siad ach le méid na gcaidhp eisiúna/margaidh (gan líon na n-idirbheart a dhéantar a chur san áireamh). Dá bhrí sin, tá sé míthreorach na scaireanna agus na bannaí a mheas a bheith 'neamhleachtach'. Thairis sin, ar chúiseanna comhsheasmhachta, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Rialachán d'oibreoirí bhonneagair mhargadh DLT nó don bhonneagar margaidh féin, i gcás MTF DLT agus SSS DLT araon. Ina theannta sin, níl margadhluach iomlán na n-urrús inaistrithe a ligeann MTF DLT isteach chun a dtrádála teoranta faoi Airteagal 3.3. den rialachán seo. Ar deireadh, moltar eisiamh na mbannaí ceannasacha a scriosadh.*

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Chun cothrom na Féinne le hurrúis inaistrithe a ligtear isteach chun a dtrádála | (13) Chun ***íoslaghdú a dhéanamh ar shaobhadh ar*** chothrom na Féinne le |

| | |
|---|---|
| ar ionad trádála traidisiúnta de réir bhrí Threoir 2014/65/AE (an Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais, MiFID II) agus ***leibhéal ard*** sláine margaidh ***a áirithiú***, ba cheart urrúis inaistrithe DLT a ligtear isteach chun a dtrádála ar MTF DLT a bheith faoi réir na bhforálacha lena dtoirmisctear drochúsáid margaidh i Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (an Rialachán maidir le Drochúsáid Margaidh). | hurrúis inaistrithe a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionad trádála traidisiúnta de réir bhrí Threoir 2014/65/AE (an Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais, MiFID II) agus ***leibhéil arda de*** shláine margaidh ***de chosaint infheisteora agus de chobhsaíocht airgeadais*** a áirithiú, ba cheart urrúis inaistrithe DLT a ligtear isteach chun a dtrádála ar MTF DLT ***nó ar SSS DLT*** a bheith faoi réir na bhforálacha lena dtoirmisctear drochúsáid margaidh i Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (an Rialachán maidir le Drochúsáid Margaidh). |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Ina theannta sin, beidh saincheisteanna ann i gcónaí maidir le cothrom na Féinne idir eintitis atá gníomhach laistigh de chóras píolótach DLT agus eintitis lasmuigh de chóras píolótach DLT.*

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ba cheart go mbeadh MTF DLT in ann díolúine amháin nó níos mó a iarraidh ar bhonn sealadach, mar a liostaítear faoin Rialachán seo, le deonú ag an údarás inniúil, má chomhlíonann sé na coinníollacha a ghabhann le díolúintí den sórt sin chomh maith le ceanglais bhreise a leagtar amach faoin Rialachán seo chun aghaidh a thabhairt ar chineálacha nua rioscaí a thagann chun cinn trí DLT a úsáid. Ba cheart ***don*** MTF DLT aon bheart cúiteach arna fhorchur ag an údarás inniúil a chomhlíonadh chun na cuspóirí arna saothrú leis an bhforáil ar iarradh díolúine ina leith. | (14) Ba cheart go mbeadh MTF DLT in ann díolúine amháin nó níos mó a iarraidh ar bhonn sealadach, mar a liostaítear faoin Rialachán seo, le deonú ag an údarás inniúil, ***tar éis do ESMA a mholadh a eisiúint***, má chomhlíonann sé na coinníollacha a ghabhann le díolúintí den sórt sin chomh maith le ceanglais bhreise a leagtar amach faoin Rialachán seo chun aghaidh a thabhairt ar chineálacha nua rioscaí a thagann chun cinn trí DLT a úsáid. Ba cheart ***do*** MTF DLT aon bheart cúiteach ***nó ceartaitheach*** arna fhorchur ag an údarás inniúil a chomhlíonadh chun na cuspóirí arna saothrú leis an bhforáil ar iarradh díolúine ina leith. |

Or. en

*Réasúnú*

*D'fhonn comhsheasmhacht agus comhréireacht na ndíolúintí arna ndeonú ag údaráis inniúla éagsúla ar fud an Aontais a áirithiú agus ar an gcaoi si, an machaire comhréidh a chothú, molann an Rapóirtéir go n-eiseodh ESMA moladh seachas tuairim neamhcheangailteach. Murab ionann agus tuairim ó ESMA, tá moladh ó ESMA bunaithe ar an gcur chuige 'comhlíon nó tabhair míniú', i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 (Rialachán ESMA).*

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) ***I gcás ina ligtear ionstraim airgeadais isteach chun a trádála ar MTF, ba chóir í a thaifeadadh le Taisclann Lárnach Urrús údaraithe i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús). Cé go bhféadfaí taifeadadh urrúis*** inaistrithe agus ***socrú idirbhirt gaolmhar a dhéanamh*** ar mhórleabhar dáilte, ***forchuirtear le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 idirghabháil ó thaisclann lárnach urrús agus chuirfeadh sé sin oibleagáid air an taifead a chóipeáil ar an mórleabhar dáilte ar leibhéal TLU, rud a d'fhéadfadh forleagan iomarcach ó thaobh feidhme de a fhorchur ar shaolré trádála ionstraime airgeadais arna láimhseáil ag bonneagair mhargaidh DLT faoi réir an Rialacháin seo. Dá bhrí sin,*** ba cheart go mbeadh MTF DLT ***in ann díolúine a iarraidh*** don ***cheanglas i ndáil le cuntas reatha agus an taifead le TLU a leagtar amach i*** Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ***i gcás in gcomhlíonann MTF DLT na ceanglais sin atá comhionann leis na ceanglais sin a chuirtear i bhfeidhm maidir le TLU. Ba cheart do MTF DLT*** na hurrúis inaistrithe a thaifeadadh ar ***a*** mhórleabhar dáilte, sláine na heisiúna ar an mórleabhar dáilte a áirithiú, nósanna imeachta a bhunú agus a | (15) ***Ba cheart go mbeadh cead ag gnólacht infheistíochta nó ag oibreoir margaidh a oibríonn MTF DLT urrúis*** inaistrithe ***DLT a thaifeadadh agus a shocrú*** ar mhórleabhar dáilte***. I gcás den sórt sin,*** ba cheart go ***measfaí*** MTF DLT a bheith ina ***TSS DLT agus ba cheart, ina theannta sin, go mbeadh air, sa bhreis ar*** na ***ceanglais is infheidhme maidir le MTF DLT, na ceanglais chéanna a chomhlíonadh agus na ceanglais is infheidhme maidir le DLT SSS agus ba cheart, i measc ceanglais eile a leagtar amach faoi*** Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, na hurrúis inaistrithe a thaifeadadh ar mhórleabhar dáilte, sláine na heisiúna ar an mórleabhar dáilte a áirithiú, nósanna imeachta a bhunú agus a choinneáil ar bun chun slánchoinneáil urrús inaistrithe DLT a áirithiú, socrú idirbheart a chur i gcrích, agus teipeanna socraíochta a chosc. ***Ba cheart na díolúintí ó na ceanglais sin dá bhforáiltear sa Rialachán seo i leith MTFanna DLT agus SSSanna DLT a bheith ar fáil freisin do DLTanna TSSanna.*** |

choinneáil ar bun chun slánchoinneáil urrús inaistrithe DLT a áirithiú, socrú idirbheart a chur i gcrích, agus teipeanna socraíochta a chosc.

Or. en

*Réasúnú*

*Níl gá le formhór na haithrise bunaidh a thuilleadh toisc go raibh sí ina húdar maith leis an díolúine ó CSDR Airteagal 3(2) (urrúis a thaifeadadh i bhfoirm cuntais reatha i dtaisclann lárnach urrús). Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir an aithris a athdhréachtú agus a lua gur féidir a cheadú do MTF DLT urrúis inaistrithe DLT a thaifeadadh agus a shocrú. Bheadh sé ansin ina TSS DLT, bheadh sé faoi oibleagáid na ceanglais chéanna a chur i bhfeidhm le DLT SSS, agus bheadh an deis aige na díolúintí céanna a iarraidh le TSS DLT. Le tabhairt faoi deara, i gcás nach mbeidh an "fhoirm cuntais reatha" ag teacht leis an DLT a úsáidtear, foráiltear go mbeidh an SSS DLT/TSS DLT in ann díolúine a iarraidh ón gceanglas sin faoi Airteagal 5 den Rialachán seo.*

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (16) ***I gcás in a bhfuil socrú idirbheart á dhéanamh ag urrúis inaistrithe DLT***, ba cheart go n-áiritheofaí le MTF DLT go n-íoctar as urrúis inaistrithe DLT ón gceannaitheoir an tráth céanna a dhéantar urrúis inaistrithe DLT a sheachadadh ón díoltóir (soláthar in áit íocaíochta). I gcás ina bhfuil sé indéanta agus ar fáil, ba cheart na ***híocaíochtaí in airgead tirim*** a shocrú trí airgead bainc cheannais ***agus***, i gcás nach bhfuil sin praiticiúil nó nach bhfuil sé ar fáil, trí airgead bainc thráchtála. Chun réitigh nuálacha a thástáil agus chun go mbeifear in ann ***na híocaíochtaí in airgead tirim*** a dhéanamh ar mhórleabhar dáilte, ba cheart cead a bheith ag ***MTFanna DLT*** leas a bhaint as boinn socraíochta mar a thugtar orthu, is é sin le rá airgead bainc thráchtála i bhfoirm ceadchomharthaithe, nó ceadchomharthaí ríomhairgid mar a shainmhínítear i Rialachán Uimh. 2021/XX maidir le Margaí i gCriptea-Shócmhainní[43]. | (16) Ba cheart go n-áiritheodh ***TSS DLT*** go n-íoctar as urrúis inaistrithe DLT ón gceannaitheoir an tráth céanna a dhéantar urrúis inaistrithe DLT a sheachadadh ón díoltóir (soláthar in áit íocaíochta). I gcás ina bhfuil sé indéanta agus ar fáil, ba cheart an ***chuid d'íocaíocht*** a shocrú trí airgead bainc cheannais ***nó***, i gcás nach bhfuil sin praiticiúil nó nach bhfuil sé ar fáil, trí airgead bainc thráchtála. Chun réitigh nuálacha a thástáil agus chun go mbeifear in ann an ***chuid d'íocaíocht*** a dhéanamh ar mhórleabhar dáilte, ba cheart cead a bheith ag ***TSS DLT*** leas a bhaint as boinn socraíochta mar a thugtar orthu, is é sin le rá airgead bainc thráchtála i bhfoirm ceadchomharthaithe, nó ceadchomharthaí ríomhairgid mar a shainmhínítear i Rialachán Uimh. 2021/XX maidir le Margaí i gCriptea-Shócmhainní[43]. I gcás ina mbaintear úsáid as airgead bainc thráchtála le haghaidh ***na coda d'íocaíocht***, |

| | |
|---|---|
| I gcás ina mbaintear úsáid as airgead bainc thráchtála le haghaidh ***íocaíochtaí in airgead tirim***, ba cheart do ***MTF*** DLT an riosca contrapháirtí a theorannú trí chloí ag na hinstitiúidí creidmheasa, ar institiúidí creidmheasa iad a úsáidtear chun ***íocaíochtaí in airgead tirim*** a shocrú, a bhunú agus faireachán a dhéanamh orthu i ndáil le critéir dhochta, amhail a rialúchán, maoirseacht, acmhainneacht chreidmheasa, caipitliú, rochtain ar leachtach agus iontaofacht oibríochtúil. | ba cheart don ***TSS*** DLT an riosca contrapháirtí a theorannú trí chloí ag na hinstitiúidí creidmheasa, ar institiúidí creidmheasa iad a úsáidtear chun ***an chuid íocaíochta*** a shocrú, a bhunú agus faireachán a dhéanamh orthu i ndáil le critéir dhochta, amhail a rialúchán, maoirseacht, acmhainneacht chreidmheasa, caipitliú, rochtain ar leachtach agus iontaofacht oibríochtúil. |
| [43] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margaí i gCriptea-Shócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937– COM(2020)593 | [43] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margaí i gCriptea-Shócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937– COM(2020)593 |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúlacha eagarthóireachta, agus ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Chun díolúine a fháil faoin Rialachán seo, ba cheart do MTF DLT a léiriú go bhfuil an díolúine comhréireach agus teoranta d’úsáid DLT faoi mar a thuairiscítear ina phlean gnó agus go bhfuil an ***díolúine*** a iarrtar teoranta do MTF DLT agus nach bhfuil sí leathnaithe chuig aon MTF eile arna oibriú ag an ngnólacht infheistíochta céanna nó ag an oibreoir margaidh céanna. | (18) Chun díolúine a fháil faoin Rialachán seo, ba cheart do MTF DLT a léiriú go bhfuil an díolúine comhréireach agus teoranta d’úsáid DLT faoi mar a thuairiscítear ina phlean gnó agus go bhfuil an ***díolúine*** iarrtha teoranta do MTF DLT agus nach bhfuil sí leathnaithe chuig aon MTF eile arna oibriú ag an ngnólacht infheistíochta céanna nó ag an oibreoir margaidh céanna. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúlacha eagarthóireachta.*

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Ba cheart go mbeadh ***TLU a bhfuil córas socraíochta urrús*** DLT ***á oibriú aige*** in ann díolúine amháin nó níos mó a iarraidh ar bhonn sealadach, mar a liostaítear faoin Rialachán seo, díolúine a dheonóidh an t-údarás inniúil ábhartha, má ***chomhlíonann*** sé na coinníollacha a bhaineann le díolúintí den sórt sin mar aon le ceanglais bhreise chun aghaidh a thabhairt ar chineálacha nua rioscaí a eascraíonn as DLT a úsáid. Ba cheart ***don tsaoráid trádála iltaobhach DLT a bhfuil an córas socraíochta urrús DLT á oibriú aici*** aon bheart cúiteach arna fhorchur ag an údarás inniúil a chomhlíonadh chun na cuspóirí arna saothrú leis an bhforáil ar iarradh díolúine ina leith a chomhlíonadh. | (19) Ba cheart go mbeadh ***SSS*** DLT in ann díolúine amháin nó níos mó a iarraidh ar bhonn sealadach, mar a liostaítear faoin Rialachán seo, le deonú ag an údarás inniúil, ***tar éis dó dul i gcomhairle le ESMA***, má ***chomhlíonann*** sé na coinníollacha ***a ghabhann le*** díolúintí den sórt sin chomh maith le ceanglais bhreise ***a leagtar amach faoin Rialachán seo*** chun aghaidh a thabhairt ar chineálacha nua rioscaí a thagann chun cinn trí DLT a úsáid. Ba cheart do ***SSS DLT*** aon bheart cúiteach ***nó ceartaitheach*** arna fhorchur ag an údarás inniúil a chomhlíonadh ***freisin*** chun na cuspóirí arna saothrú leis an bhforáil ar iarradh díolúine ina leith. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúlacha eagarthóireachta agus ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Is é is aidhm don mhodhnú seo aithris (14) is infheidhme maidir le DLT MTF a léiriú. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Rialachán d'oibreoirí bhonneagair mhargadh DLT nó don bhonneagar margaidh féin, i gcás MTF DLT agus SSS DLT araon. D'fhéadfadh sé gur ghá tuilleadh cuíchóirithe a dhéanamh ar fud an Rialacháin i ndáil leis sin.*

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (20) Ba cheart cead a bheith ag TLU a bhfuil córas socraíochta urrús á oibriú aige díolúintí a iarraidh ó fhorálacha éagsúla ar dócha go gcruthóidh siad bacainní rialála maidir le córais socraíochta urrús a fhorbairt le haghaidh urrúis inaistrithe. Mar shampla, ba cheart go mbeadh TLU in ann ***díolúine*** a iarraidh ***ó*** roinnt sainmhínithe de Rialachán (AE) 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús), mar shampla coincheapa amhail 'foirm dhí-ábharaithe', 'cuntas urrúis', 'orduithe aistrithe' chomh maith le díolúintí ó fhorálacha lena dtagraítear don choincheap 'cuntas urrúis', amhail na rialacha maidir le hurrúis a thaifeadadh, sláine eisiúna nó leithscaradh cuntas. Oibríonn TLUnna córais socraíochta urrús trí chuntais urrús a rannpháirtithe a chreidiúnú agus a chur chun dochair. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh cuntais urrús maidir le leabharchoimeád iontrála dúbailte (nó il-iontrála) i bhfeidhm i gcónaí i gcóras DLT. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh TLU a bhfuil ***córas socraíochta urrús*** DLT á oibriú aige in ann díolúine a iarraidh ó na rialacha lena dtagraítear do na coincheapa 'cuntas urrús' nó 'foirm cuntais reatha' má bhíonn gá leis chun taifeadadh urrús inaistrithe DLT a cheadú ar mhórleabhar dáilte, chun sláine na heisiúna maidir le hurrúis inaistrithe DLT ar an mórleabhar dáilte a áirithiú agus chun na hurrúis inaistrithe DLT a bhaineann le rannpháirtithe éagsúla a leithscaradh. | (20) Ba cheart cead a bheith ag TLU a bhfuil córas socraíochta urrús á oibriú aige díolúintí a iarraidh ó fhorálacha éagsúla ar dócha go gcruthóidh siad bacainní rialála maidir le córais socraíochta urrús a fhorbairt le haghaidh urrúis inaistrithe. Mar shampla, ba cheart go mbeadh TLU in ann a iarraidh ***nach mbeadh feidhm*** ag roinnt sainmhínithe de Rialachán (AE) 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús), mar shampla coincheapa amhail 'foirm dhí-ábharaithe', 'cuntas urrúis', 'orduithe aistrithe' chomh maith le díolúintí ó fhorálacha lena dtagraítear don choincheap 'cuntas urrúis', amhail na rialacha maidir le hurrúis a thaifeadadh, sláine eisiúna nó leithscaradh cuntas. Oibríonn TLUnna córais socraíochta urrús trí chuntais urrús a rannpháirtithe a chreidiúnú agus a chur chun dochair. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh cuntais urrús maidir le leabharchoimeád iontrála dúbailte (nó il-iontrála) i bhfeidhm i gcónaí i gcóras DLT. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh TLU a bhfuil ***SSS*** DLT á oibriú aige in ann díolúine a iarraidh ó na rialacha lena dtagraítear do na coincheapa 'cuntas urrús' nó 'foirm cuntais reatha' má bhíonn gá leis chun taifeadadh urrús inaistrithe DLT a cheadú ar mhórleabhar dáilte***. Mar sin féin***, ***ba ghá, fós féin, go ndéanfadh taisclann lárnach urrús a bhfuil SSS CLT á oibriú aige*** sláine na heisiúna maidir le hurrúis inaistrithe DLT ar an mórleabhar dáilte agus na hurrúis inaistrithe DLT a bhaineann le rannpháirtithe éagsúla a leithscaradh a áirithiú. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúlacha eagarthóireachta agus ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Ina theannta sin, molann an Rapóirtéir go ndéanfaí go hiomlán soiléir é go bhfuil taisclanna lárnacha urrús sainordaithe chun sláine shaincheist slándála inaistrithe DLT a áirithiú ar bhealach ar bith eile mura n-úsáideann*

*siad cuntais slándála (tá an fhoclaíocht chomhfhreagrach don cheanglas comhchosúil maidir le MTFanna soiléir go leor cheana féin i dtogra CE).*

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20a) Ba cheart go bhféadfaí a cheadú do SSS DLT, arna iarraidh sin di, urrúis inaistrithe DLT a ligean isteach chun a dtrádála agus róil a chomhlíonadh atá cosúil leo siúd a dhéanann MTF DLT. I gcás den sórt sin, ba cheart a mheas gur TSS DLT SSS agus ba cheart, sa bhreis ar na ceanglais is infheidhme maidir le SSS DLT, na ceanglais chéanna a chomhlíonadh agus na ceanglais is infheidhme maidir le MTF DLT. Ba cheart na díolúintí ó na ceanglais sin dá bhforáiltear sa Rialachán seo i leith MTFanna DLT agus SSSanna DLT a bheith ar fáil freisin do DLTanna TSSanna.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Chun machaire comhréidh a áirithiú, ba cheart go gceadófaí do SSS DLT na róil atá ag MTF DLT a chomhlíonadh, ar an mbealach céanna is a cheadaítear do MTF DLT a róil SSS DLT a chomhlíonadh.*

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Faoi Rialachán (AE) Uimh. 909 2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús), ní féidir le TLU ach ceann amháin dá phríomhghníomhaíochtaí | (21) Faoi Rialachán (AE) Uimh. 909 2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús), ní féidir le TLU ach ceann amháin dá phríomhghníomhaíochtaí |

| | |
|---|---|
| a sheachfhoinsiú, tar éis údarú a fháil ón údarás inniúil. Cuirtear de cheanglas ar TLU freisin roinnt coinníollacha a urramú, ionas nach mbeidh tarmligean a fhreagrachta nó modhnú oibleagáidí TLU i dtreo a rannpháirtithe nó a eisitheoirí ann mar thoradh ar an seachfhoinsiú. Ag brath ar an bplean gnó atá aige, d'fhéadfadh TLU a bhfuil córas socraíochta urrús DLT á oibriú aige a bheith toilteanach an fhreagracht a mhórleabhar dáilte ar a ndéantar na hurrúis inaistrithe a thaifeadadh ***a reáchtáil*** a roinnt le heintitis eile, lena n-áirítear lena rannpháirtithe. Ba cheart go mbeadh an córas socraíochta urrús DLT a bheith in ann díolúine ó na ceanglais sheachfhoinsithe a iarraidh chun samhlacha nuálacha den sórt sin a fhorbairt. Sa chás sin, ba cheart dóibh a léiriú freisin go bhfuil na forálacha maidir le seachfhoinsiú ar neamhréir le húsáid DLT mar atá beartaithe ina bplean gnó agus ba cheart dóibh a léiriú freisin go gcomhlíontar roinnt ceanglas íosta maidir le seachfhoinsiú. | a sheachfhoinsiú, tar éis údarú a fháil ón údarás inniúil. Cuirtear de cheanglas ar TLU freisin roinnt coinníollacha a urramú, ionas nach mbeidh tarmligean a fhreagrachta nó modhnú oibleagáidí TLU i dtreo a rannpháirtithe nó a eisitheoirí ann mar thoradh ar an seachfhoinsiú. Ag brath ar an bplean gnó atá aige, d'fhéadfadh TLU a bhfuil córas socraíochta urrús DLT á oibriú aige a bheith toilteanach an fhreagracht a mhórleabhar dáilte ar a ndéantar na hurrúis inaistrithe a thaifeadadh ***a oibriú*** a roinnt le heintitis eile, lena n-áirítear lena rannpháirtithe. Ba cheart go mbeadh an córas socraíochta urrús DLT a bheith in ann díolúine ó na ceanglais sheachfhoinsithe a iarraidh chun samhlacha nuálacha den sórt sin a fhorbairt. Sa chás sin, ba cheart dóibh a léiriú freisin go bhfuil na forálacha maidir le seachfhoinsiú ar neamhréir le húsáid DLT mar atá beartaithe ina bplean gnó agus ba cheart dóibh a léiriú freisin go gcomhlíontar roinnt ceanglas íosta maidir le seachfhoinsiú. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Na heintitis atá incháilithe chun bheith rannpháirteach i TLU a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús), tá siad bunaithe ar na heintitis atá incháilithe chun bheith rannpháirteach i gcóras socraíochta urrús a ainmnítear agus a dtugtar fógra ina leith i gcomhréir le Treoir 98/26/CE (an | (23) Na heintitis atá incháilithe chun bheith rannpháirteach i TLU a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús), tá siad bunaithe ar na heintitis atá incháilithe chun bheith rannpháirteach i gcóras socraíochta urrús a ainmnítear agus a dtugtar fógra ina leith i gcomhréir le Treoir 98/26/CE (an |

| | |
|---|---|
| Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta) toisc go gceanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús) córais socraíochta urrús arna n-oibriú ag TLUnna a ainmneofar agus a thabharfar fógra ina leith faoi Threoir 98/26/CE. ***Córas socraíochta urrús*** DLT a chuireann iarratas isteach chun díolúine a fháil ó na ceanglais rannpháirtíochta i Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús), ní bheadh sé i gcomhréir le ceanglais rannpháirtíochta Threoir 98/26/CE. Dá réir sin, ní fhéadfaí ***córas socraíochta urrús*** DLT den sórt sin a ainmniú nó fógra a thabhairt ina leith faoin Treoir sin. Ní chuirfeadh sé sin cosc, áfach, ar ainmniú ***chóras socraíochta urrús*** DLT a chomhlíonann ceanglais Threoir 98/26/CE nó ar fhógra a thabhairt in a leith. | Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta) toisc go gceanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús) córais socraíochta urrús arna n-oibriú ag TLUnna a ainmneofar agus a thabharfar fógra ina leith faoi Threoir 98/26/CE. ***SSS DLT nó TSS*** DLT a chuireann iarratas isteach chun díolúine a fháil ó na ceanglais rannpháirtíochta i Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús), ní bheadh sé i gcomhréir le ceanglais rannpháirtíochta Threoir 98/26/CE. Dá réir sin, ní fhéadfaí ***SSS DLT nó TSS*** DLT den sórt sin a ainmniú nó fógra a thabhairt ina leith faoin Treoir sin. Ní chuirfeadh sé sin cosc, áfach, ar ainmniú ***SSS DLT nó TSS*** DLT a chomhlíonann ceanglais Threoir 98/26/CE nó ar fhógra a thabhairt in a leith. |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús) moltar socrú idirbheart in airgead bainc cheannais. I gcás nach bhfuil socraíocht ***íocaíochtaí in airgead tirim*** le hairgead bainc cheannais ar fáil agus praiticiúil, is féidir an tsocraíocht sin a dhéanamh in airgead bainc thráchtála. D’fhéadfadh an fhoráil sin a bheith deacair a chur i bhfeidhm do TLU a bhfuil córas socraíochta urrús DLT á oibriú aige, toisc | (24) Le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús) moltar socrú idirbheart in airgead bainc cheannais. I gcás nach bhfuil socraíocht ***na coda íocaíochta*** le hairgead bainc cheannais ar fáil agus praiticiúil, is féidir an tsocraíocht sin a dhéanamh in airgead bainc thráchtála. D’fhéadfadh an fhoráil sin a bheith deacair a chur i bhfeidhm do TLU a bhfuil córas socraíochta urrús DLT á oibriú aige, toisc |

| | |
|---|---|
| go mbeadh ar TLU den sórt sin gluaiseachtaí i gcuntais airgid a chur i gcrích i gcuntais airgid thirim an tráth céanna a ndéantar urrúis a sheachadadh ar an ***DLT***. Ba cheart cead a bheith ag TLU a bhfuil córas socraíochta DLT á oibriú aige díolúine a iarraidh ó na rialacha ó Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús) maidir le socraíochtaí airgid thirim chun réitigh nuálacha a fhorbairt, amhail boinn socraíochta nó 'ceadchomharthaí ríomhairgid' a úsáid, mar a shainítear iad i Rialachán Uimh. 2021/XX maidir le Margaí i gCriptea-Shócmhainní. | go mbeadh ar TLU den sórt sin gluaiseachtaí i gcuntais airgid a chur i gcrích i gcuntais airgid thirim an tráth céanna a ndéantar urrúis a sheachadadh ar an ***mórleabhar dáilte***. Ba cheart cead a bheith ag TLU a bhfuil córas socraíochta DLT á oibriú aige díolúine a iarraidh ó na rialacha ó Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús) maidir le socraíochtaí airgid thirim chun réitigh nuálacha a fhorbairt, amhail boinn socraíochta nó 'ceadchomharthaí ríomhairgid' a úsáid, mar a shainítear iad i Rialachán Uimh. 2021/XX maidir le Margaí i gCriptea-Shócmhainní[45]. |
| [45] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí i gcriptea-shócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937– COM(2020)593 | [45] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí i gcriptea-shócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937– COM(2020)593 |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúlacha eagarthóireachta.*

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús) ceanglaítear go dtabharfaidh TLU rochtain do TLU eile nó do bhonneagair mhargaidh eile. D'fhéadfadh ualach trom a bheith ag baint le rochtain a fháil ar ***TLU a bhfuil córas socraíochta urrús DLT á oibriú aige***, nó d'fhéadfadh sé a bheith deacair a bhaint amach, toisc nach bhfuil tástáil déanta go fóill ar idir-inoibritheacht na gcóras | (25) Le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús) ceanglaítear go dtabharfaidh TLU rochtain do TLU eile nó do bhonneagair mhargaidh eile ***ar bhonn neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach***. D'fhéadfadh an rochtain ar ***SSS DLT nó TSS DLT a bheith níos dúshlánaí go teicniúil, d'fhéadfadh*** ualach trom a bheith ag baint ***léi***, nó d'fhéadfadh sé a bheith deacair í a bhaint amach, toisc |

| | |
|---|---|
| leagáide le DLT. Ba cheart do ***chóras socraíochta urrús*** DLT a bheith in ann díolúine ó na rialacha sin a iarraidh, más féidir leis a léiriú go bhfuil cur i bhfeidhm rialacha den sórt sin neamhréireach le méid ***an chórais socraíochta urrús*** DLT. | nach bhfuil tástáil déanta go fóill ar idir-inoibritheacht na gcóras leagáide le DLT. Ba cheart do ***SSS*** DLT ***nó TSS DLT*** a bheith in ann díolúine ó na rialacha sin a iarraidh, más féidir leis a léiriú go bhfuil cur i bhfeidhm rialacha den sórt sin neamhréireach le méid ***SSS*** DLT ***nó TSS DLT***. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúlacha eagarthóireachta agus ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Gan beann ar an riail a n-iarrtar díolúine ina leith, ba cheart do TLU a bhfuil ***córas socraíochta urrús*** DLT á oibriú aige a léiriú go bhfuil an díolúine a iarradh comhréireach agus go bhfuil bonn cirt leis trí úsáid a bhaint as DLT. Ba cheart an díolúine a bheith teoranta do ***chóras socraíochta urrús*** DLT agus níor cheart córais socraíochta urrús eile arna n-oibriú ag an TLU céanna a chumhdach léi. | (26) Gan beann ar an riail a n-iarrtar díolúine ina leith, ba cheart do TLU a bhfuil ***SSS*** DLT á oibriú aige a léiriú go bhfuil an díolúine a iarradh comhréireach agus go bhfuil bonn cirt leis trí úsáid a bhaint as DLT. Ba cheart an díolúine a bheith teoranta do ***SSS*** DLT agus níor cheart córais socraíochta urrús eile arna n-oibriú ag an TLU céanna a chumhdach léi. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúlacha eagarthóireachta.*

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Ba cheart bonneagair mhargaidh DLT a bheith faoi réir ceanglas breise freisin, i gcomparáid le bonneagair thraidisiúnta mhargaidh. Tá na ceanglais sin riachtanach chun rioscaí a sheachaint a eascraíonn as úsáid DLT nó as an mbealach nua a dhéanfadh bonneagar margaidh DLT a chuid gníomhaíochtaí. Dá bhrí sin, ba cheart do bhonneagar margaidh DLT plean gnó soiléir a bhunú ina mbeadh sonraí faoin gcaoi a n-úsáidfí DLT agus faoin gcaoi a gcuirfí na socruithe dlíthiúla i bhfeidhm. | (27) Ba cheart bonneagair mhargaidh DLT ***agus a n-oibreoirí*** a bheith faoi réir ceanglais bhreise freisin, i gcomparáid le bonneagair thraidisiúnta mhargaidh. Tá na ceanglais sin riachtanach chun rioscaí a sheachaint a eascraíonn as úsáid DLT nó as an mbealach nua a ndéanfadh bonneagar margaidh DLT a chuid gníomhaíochtaí. Dá bhrí sin, ba cheart do bhonneagar margaidh DLT ***agus dá oibreoir*** plean gnó soiléir a bhunú ina mbeadh sonraí faoin gcaoi a n-úsáidfí DLT agus faoin gcaoi a gcuirfí na socruithe dlíthiúla i bhfeidhm. |

Or. en

*Réasúnú*

*Tá ceanglais áirithe infheidhme maidir le hoibreoir an bhonneagair margaidh DLT.*

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) ***TLU a bhfuil córas socraíochta urrús DLT á oibriú aige, nó MTF DLT i gcás ina bhfuil cead acu na hidirbhearta a shocrú in urrúis inaistrithe DLT iad féin,*** ba cheart dóibh na rialacha maidir le feidhmiú an ***DLT dílseánaigh*** a oibríonn siad a bhunú, lena n-áirítear na rialacha maidir le rochtain agus ligean isteach ar an ***DLT***, na rialacha maidir leis na nóid rannpháirteacha agus na rialacha chun aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, mar aon le bearta bainistithe riosca. | (28) ***Oibreoirí SSS DLT agus TSS DLT***, ba cheart dóibh***, de réir mar is iomchuí,*** na rialacha maidir le feidhmiú ***an mhórleabhair dháilte*** a oibríonn siad a bhunú ***nó a dhoiciméadú***, lena n-áirítear na rialacha maidir le rochtain agus ligean isteach ar ***an mórleabhar dáilte***, na rialacha maidir leis na nóid rannpháirteacha agus na rialacha chun aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, mar aon le bearta bainistithe riosca. |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT agus oibreoirí na mbonneagar sin. Thairis sin, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an fhoclaíocht sa togra ón gCoimisiún Eorpach iallach ar bhonneagair mhargaidh úsáid a bhaint as DLTanna sonraithe, i.e. DLTanna dílseánaigh (i gcodarsnacht le DLTanna poiblí nó DLTanna cuibhreannas). Tá an leasú seo dírithe ar fhoclaíocht atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. San am céanna, ba cheart gurb é bonneagar margaidh DLT a bheadh faoi dhliteanas i gcónaí i leith fheidhmiú an DLT ar leith a úsáidtear, is cuma an DLT dílseánaigh nó cineál eile DLT é an tionscadal ceadchomhartha slándála. Ar deireadh, barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Ba cheart ceangal a bheith ar bhonneagar margaidh DLT comhaltaí, rannpháirtithe, eisitheoirí agus cliaint a chur ar an eolas maidir leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe ***acu a gcuid*** gníomhaíochtaí a chur i gcrích agus leis an gcaoi a n-athrófar, trí leas a bhaint as DLT, an bealach a gcuirtear an tseirbhís ar fáil de ghnáth ag MTF traidisiúnta nó ag TLU a bhfuil córas socraíochta urrús á oibriú aige. | (29) Ba cheart ceangal a bheith ar bhonneagar margaidh DLT comhaltaí, rannpháirtithe, eisitheoirí agus cliaint a chur ar an eolas maidir leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe ***aige a chuid*** gníomhaíochtaí a chur i gcrích agus an chaoi a n-athrófar, trí leas a bhaint as DLT, an bealach a gcuireann MTF traidisiúnta nó TLU a bhfuil córas socraíochta urrús á oibriú aige an tseirbhís ar fáil de ghnáth. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Tráth a dtugtar ***an*** cead sonrach, ba cheart straitéis scoir inchreidte a bheith i bhfeidhm ag bonneagair mhargaidh DLT i gcás inar cheart deireadh a chur leis an | (32) Tráth a thugtar cead sonrach, ba cheart straitéis scoir inchreidte a bheith i bhfeidhm ag bonneagair mhargaidh DLT i gcás inar cheart deireadh a chur leis an |

| | |
|---|---|
| gcóras maidir le bonneagair mhargaidh DLT nó inar cheart an cead sonrach nó cuid de na díolúintí a tugadh a tharraingt siar. | gcóras maidir le bonneagair mhargaidh DLT nó inar cheart an cead sonrach nó cuid de na díolúintí a tugadh a tharraingt siar. |

Or. en

*Réasúnú*

*D'fhéadfadh níos mó ná cead amháin a bheith ag teastáil i gcás TSS DLT.*

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Ba cheart go leanfadh an cead sonrach a dheonaítear do bhonneagar margaidh DLT na nósanna imeachta ***céanna le*** húdarú MTF traidisiúnta, nó TLU ***i gcás ina bhfuil an TLU sin ag iarraidh córas nua*** socraíochta urrús ***a oibriú***. Mar sin féin, nuair atá bonneagar DLT is iarratasóir ag cur isteach ar chead, ba cheart dó na díolúintí a bheadh á lorg aige a chur in iúl. Sula dtabharfaidh sé cead do bhonneagar margaidh DLT, ba cheart don údarás inniúil dul i gcomhairle le ESMA. Ba cheart do ESMA ***tuairim neamhcheangailteach a eisiúint agus aon mholadh a dhéanamh*** maidir leis an iarratas nó na díolúintí a iarradh. Ba cheart do ESMA dul i gcomhairle le húdaráis inniúla na mBallstát eile. I gcás ina bhfuil ***tuairim neamhcheangailteach*** á heisiúint ag ESMA, ba cheart go mbeadh sé d'aidhm aige cobhsaíocht airgeadais, sláine an mhargaidh agus cosaint infheisteoirí a áirithiú. Chun cothrom na Féinne agus iomaíocht chóir a áirithiú ar fud an mhargaidh aonair, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag ***tuairim neamhcheangailteach*** ESMA comhsheasmhacht agus comhréireacht na ndíolúintí arna ndeonú ag údaráis inniúla ar fud an Aontais a áirithiú. | (33) Ba cheart go leanfadh an cead sonrach ***nó na ceadanna sonracha*** a dheonaítear do bhonneagar margaidh DLT na nósanna imeachta ***faoi seach*** l***e haghaidh*** údarú MTF thraidisiúnta i ndáil le ***trádáil urrús***, nó TLU ***i ndáil le*** socraíocht urrús. Mar sin féin, nuair atá bonneagar ***margaidh*** DLT is iarratasóir ag cur isteach ar chead, ba cheart dó na díolúintí a bheadh á lorg aige a chur in iúl. Sula dtabharfaidh sé cead do bhonneagar margaidh DLT, ba cheart don údarás inniúil dul i gcomhairle le ESMA. Ba cheart do ESMA ***moladh*** maidir leis an iarratas nó na díolúintí a iarradh a eisiúint. Ba cheart do ESMA dul i gcomhairle le húdaráis inniúla na mBallstát eile. I gcás ina bhfuil ***moladh*** á eisiúint ag ESMA, ba cheart go mbeadh sé d'aidhm aige cobhsaíocht airgeadais, sláine an mhargaidh agus cosaint infheisteoirí a áirithiú. Chun cothrom na Féinne agus iomaíocht chóir a áirithiú ar fud an mhargaidh aonair, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag ***moladh*** ESMA comhsheasmhacht agus comhréireacht na ndíolúintí arna ndeonú ag údaráis inniúla ar fud an Aontais a áirithiú. |

Or. en

*Réasúnú*

*I gcás ina n-iarrann oibreoir MTF nó SSS cead chun MTF DLT nó SSS DLT a oibriú a bhíonn i mbun seirbhísí trádála nó socraíochta, ba cheart don údarás inniúil an cead a chlúdaíonn gné na socraíochta urrús a dheonú faoin Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús (CSDR) agus ba cheart don údarás inniúil an cead a chlúdaíonn gné na trádála a dheonú faoin Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFID). Thairis sin, moltar go n-eiseodh ESMA moladh seachas tuairim neamhcheangailteach.*

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) An t-údarás inniúil ***a mbeadh*** scrúdú ***á dhéanamh aige*** ar an iarratas arna chur isteach ag bonneagar ionchasach mhargadh DLT, ba cheart go mbeadh an fhéidearthacht aige cead a dhiúltú ***dá mba rud é go raibh*** cúiseanna ann lena chreidiúint go mbeadh bonneagar margaidh DLT ag bagairt ar chobhsaíocht airgeadais, cosaint infheisteoirí nó sláine an mhargaidh nó ***dá ndéanfaí*** iarracht teacht timpeall ar cheanglais atá ann cheana ***leis an iarratas***. | (34) An t-údarás inniúil ***a dhéanann*** scrúdú ar an iarratas arna chur isteach ag bonneagar margaidh DLT ionchasach, ba cheart go mbeadh an fhéidearthacht aige cead a dhiúltú ***más rud é go bhfuil*** cúiseanna ann lena chreidiúint go mbeadh bonneagar margaidh DLT ina bhagairt ar an gcobhsaíocht airgeadais, cosaint infheisteoirí nó sláine an mhargaidh nó ***nach mbeadh san iarratas ach*** iarracht teacht timpeall ar cheanglais atá ann cheana. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúlacha eagarthóireachta.*

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Ba cheart go gcuirfí na díolúintí a deonaíodh do bhonneagar margaidh DLT ar leith in iúl leis an gcead sonrach arna | (35) Ba cheart go gcuirfí in iúl sna díolúintí a deonaíodh do bhonneagar margaidh DLT ar leith an cead sonrach ***nó*** |

| | |
|---|---|
| thabhairt ag údarás inniúil don bhonneagar margaidh DLT sin. Ba cheart cead den sórt sin a bheith bailí don Aontas. Ba cheart do ESMA liosta de bhonneagair mhargaidh DLT agus liosta de na díolúintí a deonaíodh do gach ceann acu a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin. | ***na ceadanna sonracha*** arna thabhairt ***nó arna dtabhairt*** ag údarás inniúil don bhonneagar margaidh DLT sin. Ba cheart cead ***nó ceadanna*** den sórt sin a bheith bailí don Aontas. Ba cheart do ESMA liosta de bhonneagair mhargaidh DLT agus liosta de na díolúintí a deonaíodh do gach ceann acu a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin. |

Or. en

*Réasúnú*

*D'fhéadfadh níos mó ná cead amháin a bheith ag teastáil i gcás TSS DLT.*

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Ba cheart an cead sonrach agus na díolúintí arna ndeonú ag údaráis inniúla náisiúnta a thabhairt ar bhonn sealadach, ar feadh tréimhse suas le sé bliana ó dháta an cheada shonraigh. Tar éis tréimhse cúig bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin, bheadh sé de cheangal ar ESMA agus ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an gcóras píolótach ***seo le haghaidh bonneagair mhargaidh bunaithe ar theicneolaíocht mhórleabhar dáilte***. Leis an tréimhse sé bliana thuasluaite cuirtear dóthain ama ar fáil do bhonneagair mhargaidh DLT chun a samhlacha gnó a chur in oiriúint d'aon mhodhnú ar an gcóras seo agus chun a bheith ag feidhmiú faoin gcóras píolótach ar bhealach atá inmharthana ó thaobh na tráchtála de. D'fhágfadh sin go mbeadh ESMA agus an Coimisiún in ann tacar sonraí úsáideach a bhailiú ***ina mbeadh thart ar thrí bliana féilire d'***fheidhmiú an chórais phíolótaigh tar éis mais chriticiúil de cheadanna sonracha agus díolúintí lena mbaineann a dheonú agus go mbeadh siad in ann tuarascáil a thabhairt ina leith. D'fhágfadh | (36) Ba cheart an cead sonrach ***nó na ceadanna sonracha*** agus na díolúintí arna ndeonú ag údaráis inniúla náisiúnta a thabhairt ar bhonn sealadach, ar feadh tréimhse suas le sé bliana ó dháta an cheada shonraigh. Tar éis ***tréimhse trí bliana agus*** tréimhse cúig bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin, bheadh sé de cheangal ar ESMA agus ar an gCoimisiún measúnú ***luathfhágála agus measúnú deiridh, faoi seach,*** a dhéanamh ar chóras píolótach ***DLT***. Leis an tréimhse sé bliana thuasluaite, cuirtear a ndóthain ama ar fáil do bhonneagair mhargaidh DLT chun a samhlacha gnó a chur in oiriúint d'aon mhodhnú ar an gcóras sin agus chun a bheith ag feidhmiú faoin gcóras píolótach ar bhealach atá inmharthana ó thaobh na tráchtála de. D'fhágfadh sin go mbeadh ESMA agus an Coimisiún in ann tacar sonraí úsáideach a bhailiú ***faoi*** fheidhmiú an chórais phíolótaigh tar éis mais chriticiúil de cheadanna sonracha agus díolúintí lena mbaineann a dheonú agus go mbeidís in ann tuarascáil a thabhairt ina leith. D'fhágfadh sé go mbeadh an t-am ag |

| | |
|---|---|
| sé go mbeadh an t-am ag bonneagair mhargaidh DLT na bearta riachtanacha a ghlacadh chun a gcuid oibríochtaí a fhoirceannadh nó chun aistriú go creat rialála nua de réir thuarascálacha ESMA agus an Choimisiúin. | bonneagair mhargaidh DLT na bearta riachtanacha a dhéanamh chun a gcuid oibríochtaí a fhoirceannadh nó chun aistriú go creat rialála nua de réir thuarascálacha ESMA agus an Choimisiúin. |

Or. en

*Réasúnú*

*Leis an dréacht-Rialachán, ní cheanglaítear ar ESMA tuarascáil mhionsonraithe ar an gcóras píolótach a chur faoi bhráid an Choimisiúin ach amháin tar éis tréimhse cúig bliana, ar a dhéanaí. Measann an Rapóirtéir go bhfuil an tréimhse cúig bliana rófhada i bhfianaise fhorbairt thapa na teicneolaíochta agus na nuálaíochta airgeadais. Molann sé gur cheart don Choimisiún, ar bhonn na comhairle ó ESMA, measúnú ar choigeartú nó scor a d'fhéadfaí a dhéanamh a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tar éis trí bliana. Mura gcuirfear deireadh leis an gcóras, ba cheart an dara measúnú agus an measúnú deiridh a thíolacadh tar éis cúig bliana.*

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(36a) Le linn shaolré an chórais idirthréimhsigh, tá sé tábhachtach go ndéanfaí athbhreithniú agus meastóireacht air go luath agus go minic, chun an fhaisnéis d'oibreoirí bhonneagar margaidh DLT maidir leis na rialacha a bheidh ann amach anseo faoin gcóras buan a uasmhéadú. I ndáil leis sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh an próiseas athbhreithnithe chomh trédhearcach agus chomh rannpháirtíoch agus is féidir, chun gur féidir le hoibreoirí margaidh measúnú cuí a dhéanamh ar an infheistíocht. Ba cheart a chur san áireamh i dtuarascálacha eatramhacha bliantúla ESMA freisin gur ann do chleachtais mhargaidh bhunaithe lena léirítear gnéithe sonracha atá ábhartha do chreat an Aontais amach anseo le haghaidh margaí i gcriptea-shócmhainní.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Leis an dréacht-Rialachán, ní cheanglaítear ar ESMA tuarascáil mhionsonraithe ar an gcóras píolótach a chur faoi bhráid an Choimisiúin ach amháin tar éis tréimhse cúig bliana, ar a dhéanaí. Measann an Rapóirtéir go bhfuil an tréimhse cúig bliana rófhada i bhfianaise fhorbairt thapa na teicneolaíochta agus na nuálaíochta airgeadais. Molann sé go mbeadh faisnéis ann níos minice maidir le forbairt an chórais phíolótaigh sa chaoi sin go mbeidh a fhios ag na hoibreoirí an gá dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid gníomhaíochtaí. Is cosúil go mbeadh tuarascálacha eatramhacha bliantúla oiriúnach chun tuiscint a fháil ar na coigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcóras píolótach bunaithe ar fhorbairt na teicneolaíochta agus ar an taithí a fuarthas ag an tús.*

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Gan dochar do na forálacha ábhartha ó Threoir 2014/65/AE (An Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais, MiFID II) nó Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús), ba cheart go mbeadh sé de chumhacht ag na húdaráis inniúla cead sonrach nó aon díolúine arna dheonú do bhonneagar margaidh DLT a tharraingt siar, i gcás inar aimsíodh locht sa bhunteicneolaíocht nó sna seirbhísí nó gníomhaíochtaí arna soláthar ag bonneagar margaidh DLT, agus ar choinníoll gur mó an locht sin ná na buntáistí a sholáthraíonn an tseirbhís atá i gceist, nó i gcás inar sháraigh bonneagar margaidh DLT aon choinníoll a ghabhann leis na díolúintí arna bhforchur ag an údarás inniúil tráth a deonaíodh an cead sonrach, nó i gcás ina bhfuil ionstraimí airgeadais taifeadta ag bonneagar margaidh DLT ar ionstraimí iad nach gcomhlíonann na coinníollacha a ghabhann le hurrúis inaistrithe DLT faoin Rialachán seo. Le linn a ghníomhaíochta, ba cheart go mbeadh an fhéidearthacht ag bonneagar margaidh DLT díolúintí a iarraidh de bhreis ar na díolúintí sin a | (37) Gan dochar do na forálacha ábhartha ó Threoir 2014/65/AE (An Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais, MiFID II) nó Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús), ba cheart go mbeadh sé de chumhacht ag na húdaráis inniúla an cead sonrach nó aon díolúintí a deonaíodh do bhonneagar margaidh DLT a tharraingt siar, i gcás inar aimsíodh locht sa bhunteicneolaíocht nó sna seirbhísí nó gníomhaíochtaí arna soláthar ag bonneagar margaidh DLT, agus ar choinníoll gur mó an locht sin ná na buntáistí a sholáthraíonn an tseirbhís atá i gceist, nó i gcás inar sháraigh bonneagar margaidh DLT aon choinníoll a ghabhann leis ***na ceadanna nó*** na díolúintí arna bhforchur ag an údarás inniúil tráth a deonaíodh an cead sonrach, nó i gcás ina bhfuil ionstraimí airgeadais taifeadta ag bonneagar margaidh DLT, ar ionstraimí iad nach gcomhlíonann na coinníollacha a ghabhann le hurrúis inaistrithe DLT faoin Rialachán seo. Le linn a ghníomhaíochta, ba cheart go mbeadh an fhéidearthacht ag bonneagar margaidh DLT díolúintí a iarraidh de |

| | |
|---|---|
| iarradh tráth an cheada. Sa chás sin, ba cheart ***go mbeadh*** na díolúintí breise sin ***arna n-iarraidh ag bonneagair mhargaidh DLT faoi réir cead sonrach ó*** na húdaráis inniúla, faoi mar atá na díolúintí sin a iarradh tráth ar tugadh an chéad chead do bhonneagar margaidh DLT. | bhreis ar na díolúintí sin a iarradh tráth an cheada. Sa chás sin, ba cheart ***go n-iarrfaí*** na díolúintí breise sin ***ar*** na húdaráis inniúla, ar an mbealach céanna leis na díolúintí sin a iarradh tráth a tugadh an chéad chead do bhonneagar margaidh DLT. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúlacha eagarthóireachta. Ní léir anseo céard is brí le díolúine a bheith 'faoi réir cead sonrach'. Mar ráiteas ginearálta, measann an Rapóirtéir gur cheart grinnscrúdú cúramach a dhéanamh ar an Rialachán uile maidir le húsáid chomhsheasmhach na dtéarmaí 'díolúine' agus 'cead'.*

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Toisc go bhféadfadh bonneagair mhargaidh DLT díolúintí sealadacha a fháil ó reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, ba cheart dóibh comhoibriú go dlúth leis na húdaráis inniúla agus leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) le linn tréimhse a ***gceada shonraigh***. Ba cheart do bhonneagar margaidh DLT na húdaráis inniúla agus ESMA a chur ar an eolas maidir le haon athrú ábhartha ar ***a phlean*** gnó agus ar ***a fhoireann*** chriticiúil, aon fhianaise ar chibearbhagairtí nó cibearionsaithe, calaois nó míchleachtas tromchúiseach, aon athrú ar an bhfaisnéis arna soláthar tráth a rinneadh an chéad iarratas ar chead, maidir le haon deacrachtaí teicniúla, agus go háirithe na deacrachtaí teicniúla sin a bhfuil baint acu le húsáid DLT, agus aon riosca nua do chosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais nach raibh beartaithe tráth a tugadh ***an cead sonrach***. I gcás ina dtugtar fógra faoi athrú ábhartha | (38) Toisc go bhféadfadh bonneagair mhargaidh DLT díolúintí sealadacha a fháil ó reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, ba cheart dóibh comhoibriú go dlúth leis na húdaráis inniúla agus leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) le linn ***na*** tréimhse ***atá*** a ***gceadanna sonracha bailí***. Ba cheart do bhonneagar margaidh DLT na húdaráis inniúla agus ESMA a chur ar an eolas maidir le haon athrú ábhartha ar ***a bplean*** gnó agus ar ***a bhfoireann*** chriticiúil, aon fhianaise ar chibearbhagairtí nó cibearionsaithe, calaois nó míchleachtas tromchúiseach, aon athrú ar an bhfaisnéis arna soláthar tráth a rinneadh an chéad iarratas ar chead, maidir le haon deacrachtaí teicniúla, agus go háirithe na deacrachtaí teicniúla sin a bhfuil baint acu le húsáid DLT, agus aon riosca nua do chosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais nach raibh beartaithe tráth a tugadh ***na ceadanna sonracha***. ***Chun cosaint*** |

| | |
|---|---|
| den sórt sin d'údarás inniúil, ba cheart dó a iarraidh ar an mbonneagar margaidh DLT iarratas a dhéanamh ar chead nó díolúine nua, nó ***ba cheart dó*** aon bheart ceartaitheach a dhéanamh a mheasann ***sé*** a bheith iomchuí. Ba cheart do bhonneagair mhargaidh DLT aon sonraí ábhartha a sholáthar d'údaráis inniúla agus ESMA, nuair a iarrtar sonraí den sórt sin. ***Chun cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú,*** ba cheart go mbeadh an t-údarás inniúil a dheonaigh an cead sonrach do bhonneagar margaidh DLT in ann aon bheart ceartaitheach a mholadh, tar éis ***dul i gcomhairle le*** ESMA. | ***infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú,*** i gcás ina dtugtar fógra faoi athrú ábhartha den sórt sin don údarás inniúil, ba cheart dó ***dul i gcomhairle le ESMA chun moladh a fháil, agus, ar an mbonn sin,*** a iarraidh ar bhonneagar margaidh DLT iarratas a dhéanamh ar chead nó díolúine nua nó aon bheart ceartaitheach a dhéanamh a mheasann ***ESMA*** a bheith iomchuí. Ba cheart do bhonneagair mhargaidh DLT aon sonraí ábhartha a sholáthar d'údaráis inniúla agus ESMA, nuair a iarrtar sonraí den sórt sin. Ba cheart go mbeadh an t-údarás inniúil a dheonaigh an cead sonrach do bhonneagar margaidh DLT in ann aon bheart ceartaitheach a mholadh, tar éis ***do*** ESMA ***moladh a eisiúint***. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúlacha eagarthóireachta. Thairis sin, d'fhonn comhsheasmhacht agus comhréireacht na ndíolúintí arna ndeonú ag údaráis inniúla éagsúla ar fud an Aontais a áirithiú agus, ar an gcaoi sin, an machaire comhréidh a chothú, molann an Rapóirtéir go n-eiseodh ESMA moladh seachas tuairim neamhcheangailteach. Murab ionann agus tuairim ó ESMA, tá moladh ó ESMA bunaithe ar an gcur chuige 'comhlíon nó tabhair míniú', i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 (Rialachán ESMA).*

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) Ba cheart do bhonneagair mhargaidh DLT tuarascálacha rialta a thabhairt dá n-údaráis inniúla agus do ESMA. Ba cheart do ESMA plé a eagrú ar na tuarascálacha lena chur ar chumas gach údaráis inniúil ar fud an Aontais taithí a fháil maidir leis an tionchar a bhaineann le leas a bhaint as DLT agus ar aon oiriúnú ***a dhéantar*** ar reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith riachtanach le go mbeifear in ann | (39) Ba cheart do bhonneagair mhargaidh DLT tuarascálacha rialta a thabhairt dá n-údaráis inniúla agus do ESMA. Ba cheart do ESMA plé a eagrú ar na tuarascálacha chun a chur ar chumas gach údaráis inniúil ar fud an Aontais taithí a fháil maidir leis an tionchar a bhaineann le leas a bhaint as DLT agus ar aon oiriúnú ***a d'fhéadfaí a dhéanamh sa todhchaí*** ar reachtaíocht an Aontais ***is infheidhme*** maidir le seirbhísí airgeadais a d'fhéadfadh |

| | |
|---|---|
| leas a bhaint as DLT ar scála níos mó. | a bheith riachtanach chun go mbeifear in ann leas a bhaint as DLT ar scála níos mó. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúlacha eagarthóireachta.*

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) ***Cúig bliana*** tar éis ***theacht i*** bhfeidhm an Rialacháin, ba cheart do ESMA ***tuairisciú don*** Choimisiún ***maidir leis*** an gcóras píolótach ***seo*** le haghaidh bonneagair mhargaidh DLT***, lena n-áirítear maidir leis*** na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le DLT a úsáid, ***leis*** na rioscaí atá ann agus ***leis na*** deacrachtaí teicniúla***. Bunaithe ar*** thuarascáil ***ESMA***, ba cheart don Choimisiún ***tuairisciú don Chomhairle agus do*** Pharlaimint na hEorpa. Ba cheart don tuarascáil measúnú a dhéanamh ar na costais agus na buntáistí a bhaineann le síneadh a chur leis an gcóras ***seo*** maidir le bonneagair mhargaidh DLT ar feadh tréimhse ama ***eile***, le síneadh a chur leis an gcóras ***seo*** chun cineálacha nua ionstraimí airgeadais a chuimsiú, leis an gcóras ***seo*** a dhéanamh buan bíodh modhnuithe ann nó gan a bheith ann, chun modhnuithe a thabhairt ar reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais nó chun an gcóras ***seo*** a fhoirceannadh. | (40) ***Faoin... [36 mhí*** tar éis ***dháta chur*** i bhfeidhm an Rialacháin seo***]***, ba cheart do ESMA ***tuarascáil measúnaithe luathfhágála a chur faoi bhráid an*** Choimisiúin ***chun a chur ar chumas an Choimisiúin cinneadh a dhéanamh an gcuirfear síneadh leis*** an gcóras píolótach le haghaidh bhonneagair mhargaidh DLT ***go dtí an ... [cúig bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Ba cheart a áireamh sa tuarascáil measúnaithe luathfhágála*** na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le DLT a úsáid, na rioscaí atá ann agus ***aon*** deacrachtaí teicniúla ***a tháinig chun cinn***. ***Ba cheart an*** tuarascáil ***measúnaithe luathfhágála a ullmhú ar bhonn tuarascálacha eatramhacha bliantúla chun faisnéis a bhailiú faoi mhéid an mhargaidh, na ceachtanna a foghlaimíodh, agus forbairt theicneolaíocht DLT i measc nithe eile. I gcás ina ndéanann an Coimisiún síneadh a chur leis an gcóras píolótach, ba cheart do ESMA a thuarascáil chríochnaitheach maidir le córas píolótach DLT a chur ar fáil don Choimisiún faoin ... [cúig bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Ba cheart an tuarascáil chríochnaitheach a ullmhú ar aon dul leis an tuarascáil measúnaithe luathfhágála.*** Ba cheart don Choimisiún ***tuarascáil a chur faoi bhráid*** Pharlaimint na hEorpa |

| | |
|---|---|
| | ***agus na Comhairle atá bunaithe ar thuarascáil measúnaithe luathfhágála ESMA agus, ina dhiaidh sin, i gcás inarb infheidhme, ba cheart dó tuarascáil a chur faoina mbráid atá bunaithe ar thuarascáil chríochnaitheach ESMA.*** Ba cheart don tuarascáil ***ón gCoimisiún*** measúnú a dhéanamh ***i ngach cás*** ar na costais agus na buntáistí a bhaineann le síneadh a chur leis an gcóras ***píolótach*** maidir le bonneagair mhargaidh DLT ar feadh tréimhse ama ***bhreise***, chun síneadh a chur leis an gcóras chun cineálacha nua ionstraimí airgeadais a chuimsiú, chun an córas a dhéanamh buan, bíodh modhnuithe ann nó ná bíodh, chun modhnuithe a dhéanamh ar reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais, nó chun an gcóras a fhoirceannadh. |

Or. en

*Réasúnú*

*Leis an dréacht-Rialachán, ní cheanglaítear ar ESMA tuarascáil mhionsonraithe ar an gcóras píolótach a chur faoi bhráid an Choimisiúin ach amháin tar éis tréimhse cúig bliana, ar a dhéanaí. Measann an Rapóirtéir go bhfuil an tréimhse cúig bliana rófhada i bhfianaise fhorbairt thapa na teicneolaíochta agus na nuálaíochta airgeadais. Molann sé gur cheart don Choimisiún, ar bhonn na comhairle ó ESMA, measúnú ar choigeartú nó scor a d'fhéadfaí a dhéanamh a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tar éis trí bliana. Mura gcuirtear deireadh leis an gcóras, ba cheart an dara measúnú a thíolacadh tar éis cúig bliana.*

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) Aithníodh bearnaí féideartha i rialacha an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais a mhéid a bhaineann lena gcur i bhfeidhm ar chriptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais[46] . Go háirithe, níl cuid de na caighdeáin theicniúla rialála faoi Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 (an Rialachán maidir le | (41) Aithníodh bearnaí féideartha i rialacha an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais a mhéid a bhaineann lena gcur i bhfeidhm ar chriptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais[46] . Go háirithe, níl cuid de na caighdeáin theicniúla rialála faoi Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 (an Rialachán maidir le |

| | |
|---|---|
| margaí in ionstraimí airgeadais) in oiriúint rómhaith d'ionstraimí airgeadais a eisítear ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte, i gcoibhneas le ceanglais áirithe i leith tuairisciú sonraí agus ceanglais trédhearcachta réamhthrádála agus iarthrádála. Is margaí nuaghinte iad margaí tánaisteacha in ionstraimí airgeadais arna n-eisiúint ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte nó ar theicneolaíocht chomhchosúil agus dá bhrí sin d'fhéadfadh a ngnéithe a bheith éagsúil ó mhargaí in ionstraimí airgeadais a bhaineann úsáid as teicneolaíocht thraidisiúnta. Ba cheart go bhféadfaí na rialacha a leagtar amach sna caighdeáin theicniúla rialála sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach maidir leis na hionstraimí airgeadais uile, gan beann ar an teicneolaíocht a úsáidtear. Dá bhrí sin, ba cheart sainordú a thabhairt do ESMA measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar na caighdeáin theicniúla rialála sin arna nglacadh i gcur i bhfeidhm Rialachán ***AE*** Uimh. 600/2014 agus aon leasú is gá a mholadh arb é is aidhm dóibh a áirithiú gur féidir na rialacha a leagtar amach ann a chur i bhfeidhm go héifeachtach ar ionstraimí airgeadais a eisítear ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte. Agus an measúnú sin á dhéanamh, ba cheart do ESMA sainiúlachtaí na n-ionstraimí airgeadais a eisítear ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte a chur san áireamh agus ba cheart a chur san áireamh pé acu an bhfuil gá le caighdeáin oiriúnaithe lena mbeifí in ann iad a fhorbairt gan an bonn a bhaint de chuspóirí na rialacha a leagadh síos sna caighdeáin theicniúla rialála a glacadh i gcur i bhfeidhm Rialachán ***AE*** Uimh. 600/2014. | margaí in ionstraimí airgeadais) in oiriúint rómhaith d'ionstraimí airgeadais a eisítear ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte, i gcoibhneas le ceanglais áirithe i leith tuairisciú sonraí agus ceanglais trédhearcachta réamhthrádála agus iarthrádála. Is margaí nuaghinte iad margaí tánaisteacha in ionstraimí airgeadais arna n-eisiúint ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte nó ar theicneolaíocht chomhchosúil agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh a ngnéithe a bheith éagsúil le margaí in ionstraimí airgeadais a bhaineann úsáid as teicneolaíocht thraidisiúnta. Ba cheart go bhféadfaí na rialacha a leagtar amach sna caighdeáin theicniúla rialála sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach maidir leis na hionstraimí airgeadais uile, gan beann ar an teicneolaíocht a úsáidtear. Dá bhrí sin, ba cheart sainordú a thabhairt do ESMA measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar na caighdeáin theicniúla rialála sin arna nglacadh i gcur i bhfeidhm Rialachán ***(AE)*** Uimh. 600/2014 agus aon leasú is gá a mholadh arb é is aidhm dóibh a áirithiú gur féidir na rialacha a leagtar amach ann a chur i bhfeidhm go héifeachtach ar ionstraimí airgeadais a eisítear ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte. Agus an measúnú sin á dhéanamh, ba cheart do ESMA sainiúlachtaí na n-ionstraimí airgeadais a eisítear ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte a chur san áireamh agus ba cheart a chur san áireamh pé acu an bhfuil gá le caighdeáin oiriúnaithe lena mbeifí in ann iad a fhorbairt gan an bonn a bhaint de chuspóirí na rialacha a leagadh síos sna caighdeáin theicniúla rialála a glacadh i gcur i bhfeidhm Rialachán ***(AE)*** Uimh. 600/2014. |

[46] An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, Tuarascáil ina bhfuil comhairle maidir le tairiscint tosaigh bonn agus Criptea-Shócmhainní (ESMA50-157-1391)

[46] An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, Tuarascáil ina bhfuil comhairle maidir le tairiscint tosaigh bonn agus Criptea-Shócmhainní (ESMA50-157-1391)

Or. en

*Réasúnú*

*Barúlacha eagarthóireachta.*

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Leagtar síos leis an Rialachán ceanglais ***maidir le saoráidí trádáil iltaobhach agus córas socraíochta urrús a úsáideann teicneolaíocht mórleabhar dáilte*** 'bonneagair mhargaidh DLT', dá dtugtar ceadanna sonracha le hoibriú i gcomhréir le hAirteagail 7 agus ***8***. | (1) Leagtar síos leis an Rialachán ceanglais ***le haghaidh*** 'bhonneagair mhargaidh DLT' ***agus dá n-oibreoirí***, dá dtugtar ceadanna sonracha oibriú i gcomhréir le hAirteagail 7***, Airteagal 8*** agus Airteagal ***8a***. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúlacha eagarthóireachta. Sainmhínítear an téarma 'bonneagair mhargaidh DLT' in Airteagal 2. Thairis sin, tá ceanglais áirithe infheidhme maidir le hoibreoir an bhonneagair margaidh.*

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) na bonneagair mhargaidh DLT ***sin*** a oibriú; | (d) bonneagair mhargaidh DLT a oibriú; |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta. Sainmhínítear an téarma 'bonneagair mhargaidh DLT' in Airteagal 2.*

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) maoirsiú a dhéanamh ar na bonneagair mhargaidh DLT ***sin***; agus | (e) maoirseacht a dhéanamh ar bhonneagair mhargaidh DLT; agus |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta. Sainmhínítear an téarma 'bonneagair mhargaidh DLT' in Airteagal 2.*

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) comhoibriú idir oibreoirí bonneagar margaidh DLT, údaráis inniúla agus ESMA. | (f) comhoibriú idir oibreoirí bhonneagair margaidh DLT, na húdaráis ***náisiúnta*** inniúla agus ESMA. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúlacha eagarthóireachta.*

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn 'teicneolaíocht mórleabhar dáilte' nó 'DLT' aicme teicneolaíochtaí ***a thacaíonn le*** taifeadadh dáilte sonraí ***criptithe***; | (1) ciallaíonn 'teicneolaíocht mórleabhar dáilte' nó 'DLT' aicme teicneolaíochtaí ***lenar féidir*** taifead dáilte a dhéanamh ar shonraí ***trí shásraí slána amhail an chripteagrafaíocht***; |

Or. en

*Réasúnú*

*Ar an gcéad dul síos, molann an Rapóirtéir go gcuirfí in iúl nach amháin go dtacaíonn an aicme teicneolaíochtaí DLT le taifeadadh dáilte sonraí ach go gcumasaíonn sí é freisin. Dá bhrí sin, soiléirítear go bhfuil an bonneagar teicneolaíochta riachtanach d'fheidhmiú an mhórleabhair dháilte. Ar an dara dul síos, tagraíonn sé don rún atá ag an gCoimisiún reachtaíocht atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de a dhréachtú. Faoi láthair, feidhmíonn DLT ar bhonn criptiúcháin ach níor cheart é a chur as an áireamh go mbainfí úsáid as sásraí eile seachas an criptiú amach anseo chun a chinntiú go ndéanfar sonraí a thaifeadadh go sábháilte agus go slán i dtimpeallacht dháilte. Ar an gcaoi sin, tá an chripteagrafaíocht clúdaithe cheana féin leis na focail 'aicme teicneolaíochtaí'. Mar sin féin, measann an Rapóirtéir gurb iomchuí, ar mhaithe le soiléireacht níos fearr, tagairt fhollasach a dhéanamh don chripteagrafaíocht, ach mar shampla amháin. Baineann teicneolaíocht eile den sórt sin a úsáidtear go minic in DLT leis an sásra comhthola (cruthúnas ar obair, cruthúnas ar leas, etc.). Is gá tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an sainmhíniú seo mar aon le hailíniú a dhéanamh leis an Rialachán atá beartaithe maidir le creat Eorpach le haghaidh margaí i gcriptea-shócmhainní (MiCA), toisc go bhfuil an sainmhíniú bunriachtanach don dá chomhad.*

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) ciallaíonn 'bonneagar margaidh DLT' 'saoráid trádála iltaobhach DLT' ***nó*** 'córas socraíocht urrús DLT'; | (2) ciallaíonn 'bonneagar margaidh DLT' 'saoráid trádála iltaobhach DLT'***,*** 'córas socraíochta urrús DLT'***, nó 'córas trádála agus socraíochta DLT'***; |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Molann an Rapóirtéir gur cheart bonneagar margaidh DLT a bhfuil cead aige seirbhísí trádála agus iarthrádála araon a fheidhmiú a mheas mar thríú cineál de bhonneagar margaidh DLT faoin Rialachán seo: Córas Trádála agus Socraíochta (TSS) DLT. Is cineál iomlán úrnua bonneagair margaidh a bheadh in eintiteas den sórt sin agus níor cheart é a mheascadh le MTF DLT nó le SSS DLT.*

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ciallaíonn 'saoráid trádála iltaobhach DLT' nó 'MTF DLT' 'saoráid trádála iltaobhach' arna hoibriú ag gnólacht infheistíochta nó ag oibreoir margaidh***, nach ligeann isteach ach urrúis inaistrithe DLT chun a dtrádála agus a bhféadfadh cead a bheith aici, ar bhonn rialacha agus nósanna imeachta trédhearcacha, neamhroghnacha, agus aonfhoirmeacha, na nithe seo a leanas a dhéanamh:*** | (3) ciallaíonn 'saoráid trádála iltaobhach DLT' nó 'MTF DLT' 'saoráid trádála iltaobhach' ***a údaraítear faoin Rialachán seo***, arna hoibriú ag gnólacht infheistíochta nó ag oibreoir margaidh***;*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Is gá idirdhealú a dhéanamh idir MTF DLT (atá údaraithe faoin gcóras píolótach) agus MTF atá údaraithe faoi MiFID II (a fhéadfaidh urrúis inaistrithe DLT a thrádáil freisin faoin gcreat rialála atá ann cheana). Thairis sin, is ó Airteagal 3 a thagann an ceanglas nach ligtear ach urrúis inaistrithe DLT isteach chun a dtrádála agus ní gá é a athlua anseo. Ar deireadh, is cosúil go bhfuil an tagairt do 'rialacha agus nósanna imeachta trédhearcacha, neamhroghnacha, agus aonfhoirmeacha' iomarcach sa sainmhíniú seo.*

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) taifeadadh tosaigh urrús inaistrithe DLT a áirithiú;*** | ***scriosta*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Dhéanfadh TSSanna DLT an ról seo.*

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) urrúis inaistrithe DLT a shocrú in aghaidh íocaíochta; agus*** | ***scriosta*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Dhéanfadh TSSanna DLT an ról seo.*

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(c) seirbhísí slánchoinneála a sholáthar i ndáil le hurrúis inaistrithe DLT, nó i gcás inarb infheidhme, i ndáil le híocaíochtaí gaolmhara agus le comhthaobhacht, arna soláthar leis an MTF DLT;*** | ***scriosta*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Dhéanfadh TSSanna DLT an ról seo.*

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) ciallaíonn ‘córas socraíochta urrús DLT’ córas socraíochta urrús, arna oibriú | (4) ciallaíonn ‘córas socraíochta urrús DLT’ ***nó ‘SSS DLT’*** córas socraíochta |

| | |
|---|---|
| ag 'taisclann lárnach urrús'***, lena socraítear idirbhearta in urrúis inaistrithe DLT in aghaidh íocaíochta***; | urrús ***a údaraítear faoin Rialachán seo***, arna oibriú ag 'taisclann lárnach urrús'; |

Or. en

*Réasúnú*

*Is gá idirdhealú a dhéanamh idir SSS DLT (atá údaraithe faoin gcóras píolótach) agus córas socraíochta urrús atá údaraithe faoi CSDR (a fhéadfaidh urrúis inaistrithe DLT a shocrú freisin faoin gcreat rialála atá ann cheana). Thairis sin, níl aon ghá ann róil SSS DLT (nach bhfuil teoranta do shocrú idirbheart seachas sin) a shoiléiriú.*

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) ciallaíonn 'córas trádála agus socraíochta DLT' nó 'TSS DLT' bonneagar margaidh DLT lena dtugtar na seirbhísí a dhéanann MTF DLT agus SSS DLT araon le chéile, arna oibriú ag eintiteas dlítheanach aonair a údaraítear faoin Rialachán seo;*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Molann an Rapóirtéir gur cheart bonneagar margaidh DLT a bhfuil cead aige seirbhísí trádála agus iarthrádála araon a fheidhmiú a mheas mar thríú cineál de bhonneagar margaidh DLT faoin Rialachán seo: Córas Trádála agus Socraíochta (TSS) DLT. Is cineál iomlán úrnua bonneagair margaidh a bheadh in eintiteas den sórt sin agus níor cheart é a mheascadh le MTF DLT nó le SSS DLT.*

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) ciallaíonn 'urrúis inaistrithe DLT' | (5) ciallaíonn 'urrúis inaistrithe DLT' |

| | |
|---|---|
| 'urrúis inaistrithe' de réir bhrí Airteagal 4(1)(44) (a) agus (b) de Threoir 2014/65/AE a eisítear, a thaifeadtar, a aistrítear agus a stóráiltear le DLT; | 'urrúis inaistrithe' de réir bhrí Airteagal 4(1)(44) (a) agus (b) de Threoir 2014/65/AE***, cé is moite d'admhálacha taisce,*** a eisítear, a thaifeadtar, a aistrítear agus a stóráiltear trí DLT a úsáid; |

Or. en

*Réasúnú*

*Tagraíonn an sainmhíniú ar 'urrúis inaistrithe DLT' d'Airteagal 4(1)(44) (a) agus (b) de MiFID II, lena n-áirítear ní hamháin scaireanna agus bannaí, ach admhálacha taisce freisin i leith scaireanna nó bannaí. I dtimpeallacht DLT, d'fhéadfaí glacadh le scaireanna agus bannaí mar cheadchomharthaí urrúis 'dúchasacha' agus is féidir glacadh le hadmhálacha taisce mar cheadchomharthaí urrúis 'de bhun sócmhainní' arb ionann iad agus cearta úinéireachta i leith bunscair nó bunbhanna traidisiúnta. Is gá a shoiléiriú nach bhfuil feidhm ag an Rialachán ach maidir le ceadchomharthaí urrúis 'dúchasacha' mar a thugtar orthu (i.e. scaireanna agus bannaí a chruthaítear nó a eisítear ar DLT agus nach ann dóibh lasmuigh de mhórleabhar DLT). An tuiscint atá ag an Rapóirtéir nach bhfuil feidhm ag an Rialachán seo ach maidir le ceadchomharthaí urrúis 'dúchasacha', tá sí bunaithe ar na teorainneacha in Airteagal 3 nach bhfuil feidhm acu ach maidir le scaireanna agus bannaí (agus ní maidir le hadmhálacha taisce).*

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) ciallaíonn 'aonaid chiste DLT arna thrádáil ar an malartán' nó 'aonaid DLT ETF' aonaid nó scaireanna ciste arna thrádáil ar an malartán de réir bhrí Airteagal 4(1)(46) de Threoir 2014/65/AE a eisítear, a thaifeadtar, a aistrítear agus a stóráiltear trí DLT a úsáid;*** |

Or. en

*Réasúnú*

*D'fhonn deis a thabhairt do níos mó rannpháirtithe sa mhargadh taithí a fháil ar bhonneagair mhargaidh DLT, molann an Rapóirtéir go leathnófaí raon feidhme chóras píolótach DLT trí aonaid ETF a chur san áireamh i liosta na n-ionstraimí a ligtear isteach chun a dtrádála ar bhonneagar margaidh DLT nó a shocraítear le bonneagar margaidh DLT, agus, san am céanna, go ndéanfaí infheistíochtaí DLT-ETF a theorannú d'urrúis inaistrithe*

*DLT chun cur i bhfeidhm indíreach na gcaidhpeanna margaidh atá beartaithe a chinntiú.*

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) ciallaíonn 'bonn socraíochta' airgead bainc tráchtála i bhfoirm cheadchomharthaithe;*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Is iomchuí sainmhíniú ar 'bhonn socraíochta' a thabhairt isteach. Is gá tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an sainmhíniú seo.*

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 22 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) gnólacht infheistíochta a bhfuil MTF DLT MTF á oibriú aige, an Ballstát a ainmníodh i gcomhréir le hAirteagal 4(55)(a) (ii) agus (iii) de Threoir 2014/65/AE; | (a) gnólacht infheistíochta a bhfuil MTF DLT ***nó TSS DLT*** á oibriú aige, an Ballstát a ainmníodh i gcomhréir le hAirteagal 4(55)(a) (ii) agus (iii) de Threoir 2014/65/AE; |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 22 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT á oibriú aige, an Ballstát ina bhfuil oibreoir margaidh an MTF DLT cláraithe nó, mura bhfuil aon oifig chláraithe aige faoi dhlí an Bhallstáit sin, an Ballstát ina bhfuil ceannoifig oibreoir margaidh an MTF DLT lonnaithe; | (b) oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT ***nó TSS DLT*** á oibriú aige, an Ballstát ina bhfuil oibreoir margaidh an MTF DLT ***nó TSS DLT*** cláraithe nó, mura bhfuil aon oifig chláraithe aige faoi dhlí an Bhallstáit sin, an Ballstát ina bhfuil ceannoifig oibreoir margaidh an MTF DLT ***nó TSS DLT*** lonnaithe; |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 22 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) TLU a bhfuil ***córas socraíochta urrús*** DLT á oibriú aige, an Ballstát a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 2(23) de Rialachán (AE) Uimh 909/2014/AE. | (c) TLU a bhfuil ***SSS*** DLT ***nó TSS DLT*** á oibriú aige, an Ballstát a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 2(23) de Rialachán (AE) Uimh 909/2014/AE. |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní ligfear ach urrúis inaistrithe DLT a chomhlíonann na coinníollacha seo | 1. Ní fhéadfar ach urrúis inaistrithe DLT a chomhlíonann na coinníollacha seo |

| | |
|---|---|
| a leanas isteach chun a dtrádála ***ar MTF DLT agus*** chun a dtaifeadadh ar ***mhórleabhar dáilte ag*** TLU ***a bhfuil córas socraíochta urrús á oibriú aige*** | a leanas a ligean isteach chun a dtrádála ***agus/nó*** a thaifeadadh ar ***bhonneagar margaidh*** DLT***:*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Tá sé níos iomchuí anseo an téarma cineálach 'bonneagair mhargaidh DLT' (lena n-áirítear TSS DLT) a úsáid.*

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) scaireanna, a bhfuil caipitliú margaidh nó caipitliú margaidh trialach níos ísle ná EUR ***200*** milliún ag an eisitheoir atá acu; nó | (a) scaireanna a bhfuil caipitliú margaidh nó caipitliú margaidh trialach níos ísle ná EUR ***50*** milliún ag an eisitheoir atá acu; nó |

Or. en

*Réasúnú*

*Cé go measann an Rapóirtéir gur cosúil, leis an tairseach chomhiomlán do mhargadhluach iomlán na n-urrús inaistrithe atá molta ag an gCoimisiún, go bhfuil cothromaíocht iomchuí bainte amach idir neamhdhíobhálacht don nuálaíocht agus cosaint i gcoinne rioscaí a d'fhéadfadh cobhsaíocht airgeadais, cosaint infheisteoirí agus sláine an mhargaidh a chur i mbaol, tugann sé dá aire go gcuimseodh na tairseacha airgeadais aonair atá beartaithe ag an gCoimisiún formhór na scaireanna agus na mbannaí atá ar fáil ar mhargadh na n-urrús faoi láthair. Measann an Rapóirtéir go bhfuil gá le cur chuige níos stuama chun an cuspóir thuasluaite a bhaint amach, agus b'fhearr leis go mbeadh tairseacha aonair i bhfad níos ísle ann.*

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) bannaí in-chomhshóite, bannaí faoi | (b) bannaí in-chomhshóite, bannaí faoi |

| | |
|---|---|
| chumhdach, bannaí corparáideacha, bannaí poiblí eile agus bannaí eile, a bhfuil méid eisiúna níos ísle ná EUR ***500*** milliún acu. | chumhdach, bannaí corparáideacha, ***bannaí ceannasacha,*** bannaí poiblí eile agus bannaí eile, a bhfuil méid eisiúna níos ísle ná EUR ***50*** milliún acu. |

Or. en

*Réasúnú*

*Cé go measann an Rapóirtéir gur cosúil, leis an tairseach chomhiomlán do mhargadhluach iomlán na n-urrús inaistrithe atá molta ag an gCoimisiún, go bhfuil cothromaíocht iomchuí bainte amach idir neamhdhíobhálacht don nuálaíocht agus cosaint i gcoinne rioscaí a d'fhéadfadh cobhsaíocht airgeadais, cosaint infheisteoirí agus sláine an mhargaidh a chur i mbaol, tugann sé dá aire go gcuimseodh na tairseacha airgeadais aonair atá beartaithe ag an gCoimisiún formhór na scaireanna agus na mbannaí atá ar fáil ar mhargadh na n-urrús faoi láthair. Measann an Rapóirtéir go bhfuil gá le cur chuige níos stuama chun an cuspóir thuasluaite a bhaint amach, agus b'fhearr leis go mbeadh tairseacha aonair i bhfad níos ísle ann. Thairis sin, ní fheictear dó go bhfuil aon bhunchúis ann le bannaí ceannasacha a eisiamh ó raon feidhme chóras píolótach DLT. Maidir le bannaí ceannasacha a áireamh mar ionstraim incháilithe, d'fhéadfadh sé sin cabhrú go háirithe le Ballstáit bheaga a bhfuil margaí caipitil beagfhorbartha acu, chun a chur ar a gcumas taithí a fháil ar bhonneagair mhargaidh DLT freisin.*

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) aonaid DLT ETF lena n-infheistítear sna cineálacha ionstraimí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b).*** |

Or. en

*Réasúnú*

*D'fhonn deis a thabhairt do níos mó rannpháirtithe sa mhargadh taithí a fháil ar bhonneagair mhargaidh DLT, molann an Rapóirtéir go leathnófaí an raon feidhme trí aonaid ETF a chur san áireamh i liosta na n-ionstraimí a ligtear isteach chun a dtrádála ar bhonneagar margaidh DLT nó a shocraítear le bonneagar margaidh DLT, agus, san am céanna, go ndéanfaí infheistíochtaí DLT-ETF a theorannú d'urrúis inaistrithe DLT chun cur i bhfeidhm indíreach na gcaidhpeanna margaidh atá beartaithe a chinntiú.*

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Gnólacht infheistíochta ná oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT á oibriú aige, ní ligfidh sé bannaí ceannasacha isteach chun a dtrádála faoin Rialachán seo. TLU a bhfuil córas socraíochta urrús á oibriú aige, ná gnólacht infheistíochta ná oibreoir margaidh a bhfuil cead aige urrúis inaistrithe DLT a thaifeadadh ar MTF DLT, i gcomhréir le mír 2 agus mír 3 d'Airteagal 4, ní dhéanfaidh sé bannaí ceannasacha a thaifeadadh faoin Rialachán seo.*** | ***scriosta*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Ní fheictear don Rapóirtéir go bhfuil aon bhunchúis ann le bannaí ceannasacha a eisiamh ó raon feidhme chóras píolótach DLT. Maidir le bannaí ceannasacha a áireamh mar ionstraim incháilithe, d'fhéadfadh sé sin cabhrú go háirithe le Ballstáit bheaga a bhfuil margaí caipitil beagfhorbartha acu, chun a chur ar a gcumas taithí a fháil ar bhonneagair mhargaidh DLT freisin.*

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ní rachaidh margadhluach iomlán urrús inaistrithe arna dtaifeadadh ***ag TLU a bhfuil córas socraíochta urrús á oibriú aige*** thar EUR 2.5 billiún. ***I gcás ina ndéanann MTF DLT na hurrúis inaistrithe DLT a thaifeadadh in áit TLU, i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 d'Airteagal 4, ní rachaidh margadhluach iomlán na n-urrús inaistrithe DLT arna dtaifeadadh ag an ngnólacht*** | 3. Ní rachaidh margadhluach iomlán urrúis inaistrithe DLT arna dtaifeadadh in ***SSS DLT nó TSS*** DLT thar EUR 2.5 billiún. |

***infheistíochta nó ag an oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT á oibriú aige thar EUR 2.5 billiún.***

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) beidh sé cothrom le suim na nithe seo a leanas: praghas dúnta laethúil gach urrús inaistrithe DLT a ligtear isteach chun a thrádáil ar MTF DLT, arna iolrú faoi líon na n-urrús inaistrithe DLT a bhfuil an ISIN céanna acu a shocraítear ar ***chóras socraíochta urrús*** DLT nó ar ***MTF*** DLT ***lena mbaineann*** ar an lá sin, go hiomlán nó i bpáirt. | (b) beidh sé cothrom le suim na nithe seo a leanas: praghas dúnta laethúil gach urrúis inaistrithe DLT a ligtear isteach chun a thrádála ar MTF DLT, arna iolrú faoi líon na n-urrús inaistrithe DLT a bhfuil an ISIN céanna acu a shocraítear ar ***SSS*** DLT nó ar ***TSS*** DLT an lá sin, go hiomlán nó i bpáirt. |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcomhréir le hAirteagal 7 nó le hAirteagal 8, cuirfidh oibreoir an bhonneagair margaidh DLT faoi bhráid an údaráis inniúil a thug an cead sonrach, tuarascálacha míosúla lena léirítear go | I gcomhréir le hAirteagal 7 nó Airteagal 8, déanfaidh oibreoir bhonneagar margaidh DLT tuarascálacha míosúla a chur faoi bhráid an údaráis inniúil a thug an cead sonrach, ar tuarascálacha iad lena léirítear |

| | |
|---|---|
| gcomhlíonann gach urrús inaistrithe DLT a thaifeadtar agus a shocraítear ar ***MTF*** DLT ***agus a cheadaítear dóibh sin a dhéanamh, i gcomhréir le mír 2 agus le mír 3 d'Airteagal 4, nó le TLU ar chóras socraíochta urrús DLT,*** na coinníollacha faoi mhíreanna 1 go 3. | go gcomhlíonann gach urrús inaistrithe DLT a thaifeadtar agus a shocraítear ar ***SSS*** DLT ***nó ar TSS DLT*** na coinníollacha faoi mhíreanna 1 go 3. |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás inar shroich margadhluach iomlán na n-urrús inaistrithe DLT a thuairiscítear faoi mhír 1 EUR 2.25 billiún, déanfaidh an gnólacht infheistíochta nó an t-oibreoir margaidh lena n-oibrítear an ***MTF*** DLT ***lena mbaineann, nó an TLU lena n-oibrítear córas socraíochta urrús lena mbaineann*** gníomhachtú ar an straitéis aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 6(6). Ina dtuarascáil mhíosúil, tabharfaidh siad fógra don údarás inniúil maidir le gníomhú a straitéise aistrithe agus maidir leis an tráthchlár don aistriú sin. | I gcás inar shroich margadhluach iomlán na n-urrús inaistrithe DLT a thuairiscítear faoi mhír 1 EUR 2.25 billiún, déanfaidh an gnólacht infheistíochta nó an t-oibreoir margaidh a oibríonn an ***SSS*** DLT ***nó an TSS DLT*** gníomhachtú ar an straitéis aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 6(6). Ina dtuarascáil mhíosúil, tabharfaidh siad fógra don údarás inniúil faoi ghníomhachtú a straitéise aistrithe agus faoi thráthchlár an aistrithe sin. |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Féadfaidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun na huasteorainneacha a shonraítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 1 agus sa dara fomhír agus sa tríú fomhír de mhír 5 a leasú suas go huasmhéid atá comhionann le dhá oiread luach na n-uasteorainneacha ag féachaint do na huasluachanna a sonraíodh sa Rialachán seo an... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], bunaithe ar chomhairliúchán agus measúnú tionchair lena léirítear tionchar dearfach na leasuithe sin.*** |
| | ***Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus arís an [60 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |
| | ***Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh, in éineacht le tuarascáil mar a shonraítear in Airteagal 10(2), i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Cumhacht a thabhairt do ESMA na huasteorainneacha a leasú (d'fhonn iad a dhúbailt ar a mhéad) i dtaca leis an tuarascáil measúnaithe luathfhágála.*

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) | 6. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) |

| | |
|---|---|
| Uimh. 596/2014 maidir le hurrúis inaistrithe DLT a ligtear isteach chun a dtrádála ar MTF DLT. | Uimh. 596/2014 maidir le hurrúis inaistrithe DLT a ligtear isteach chun a dtrádála ar MTF DLT ***nó ar TSS DLT***. |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh MTF DLT faoi réir na gceanglas uile is infheidhme maidir le MTF faoi Threoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) 2014/600, seachas sna cásanna seo a leanas: | 1. Beidh MTF DLT ***agus a oibreoir*** faoi réir na gceanglas uile is infheidhme maidir le MTF faoi Threoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) 600/2014 ***nó aon reachtaíocht eile is infheidhme de chuid an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais***, seachas sna cásanna seo a leanas: |

Or. en

*Réasúnú*

*Tá ceanglais áirithe infheidhme maidir le hoibreoir an bhonneagair margaidh. Thairis sin, is iomchuí a thabhairt chun suntais go bhfuil feidhm freisin ag 'aon reachtaíocht eile is infheidhme de chuid AE maidir le seirbhísí airgeadais' seachas MiFID II/MiFIR.*

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) má tá díolúine mar a shonraítear ***i mír 2 nó*** faoi Threoir (AE) .../...[53] iarrtha ag an ngnólacht infheistíochta nó ag an oibreoir margaidh a bhfuil an MTF DLT á oibriú aige, agus gur dheonaigh an t-údarás inniúil díolúine den sórt sin dó, údarás | (a) má tá díolúine mar a shonraítear faoi Threoir (AE) .../...[53] iarrtha ag an ngnólacht infheistíochta nó an t-oibreoir margaidh a bhfuil an MTF DLT á oibriú aige, agus gur dheonaigh an t-údarás inniúil díolúine den sórt sin dó, is é sin an |

| | |
|---|---|
| inniúil a dheonaigh an cead sonrach i gcomhréir le hAirteagal 7; agus | t-údarás inniúil a dheonaigh an cead sonrach i gcomhréir le hAirteagal 7; agus |
| [53] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2009/65/CE, 2009/138/AE, 2011/61/AE, AE/2013/36, 2014/65/AE, (AE) 2015/2366 agus AE/2016/2341 - COM(2020)596 - - COM(2020)596 | [53] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2009/65/CE, 2009/138/AE, 2011/61/AE, AE/2013/36, 2014/65/AE, (AE) 2015/2366 agus AE/2016/2341 - COM(2020)596 - - COM(2020)596 |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Ós rud é gur ghá an gnólacht infheistíochta nó an t-oibreoir margaidh a cheadúnú faoi CSDR (agus go ndéanfaí TLU de dá bhrí sin), níl an díolúine a fhoráiltear di i mír 2 ábhartha a thuilleadh.*

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) má chomhlíonann an gnólacht infheistíochta nó an t-oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT á oibriú aige na coinníollacha a leagtar amach i ***míreanna 2 go*** 4 agus aon bheart cúiteach breise a mheasfaidh an t-údarás inniúil a dheonaigh an cead sonrach a bheith iomchuí chun na cuspóirí arna saothrú ag na forálacha a n-iarrtar díolúine ina leith a chomhlíonadh nó chun cosaint infheisteoirí, sláine margaidh agus/nó cobhsaíocht airgeadais a áirithiú. | (c) má chomhlíonann an gnólacht infheistíochta nó an t-oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT á oibriú aige na coinníollacha a leagtar amach i ***mír*** 4 agus aon bheart cúiteach ***nó ceartaitheach*** breise a mheasfaidh an t-údarás inniúil a dheonaigh an cead sonrach a bheith iomchuí chun na cuspóirí arna saothrú ag na forálacha a n-iarrtar díolúine ina leith a chomhlíonadh nó chun cosaint infheisteoirí, sláine margaidh agus/nó cobhsaíocht airgeadais a áirithiú. |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Ós rud é gur ghá an gnólacht infheistíochta nó an t-oibreoir margaidh a cheadúnú faoi CSDR (agus go ndéanfaí TLU de dá bhrí sin), níl an díolúine a fhoráiltear di i*

*mír 2 ábhartha a thuilleadh.*

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Arna iarraidh sin dó, féadfar a cheadú do ghnólacht infheistíochta nó oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT á oibriú aige urrúis inaistrithe DLT ***nach bhfuil taifeadta ar TLU ach atá taifeadta ina ionad sin*** ar mhórleabhar dáilte an MTF DLT ***a ligean isteach chun a dtrádála i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialachán (AE) 909/2014*** . | Arna iarraidh sin dó, féadfar a cheadú do ghnólacht infheistíochta nó oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT á oibriú aige urrúis inaistrithe DLT ***a thaifeadadh agus a shocrú*** ar mhórleabhar dáilte an MTF DLT. ***Sa chás sin, measfar gur TSS DLT an MTF DLT.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Ós rud é gur ghá an gnólacht infheistíochta nó an t-oibreoir margaidh a cheadúnú faoi CSDR (agus go ndéanfaí TLU de dá bhrí sin), níl an díolúine a fhoráiltear di i mír 2 ábhartha a thuilleadh. Thairis sin, tá sé mar aidhm leis an leasú seo nach mbeadh cothrom na Féinne ann do MTF DLT i gcomparáid le SSS DLT (atá faoi réir ceada seachas díolúine).*

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Gnólacht infheistíochta nó oibreoir margaidh a bhfuil díolúine á iarraidh aige de bhun mhír 1, déanfaidh sé bearta cúiteacha a mholadh chun na cuspóirí arna saothrú leis na forálacha a n-iarrtar díolúine ina leith a chomhlíonadh, agus chun an méid seo a leanas ar a laghad a áirithiú:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) taifeadadh urrúis inaistrithe DLT*** | |

***ar an teicneolaíocht mórleabhar dáilte;***

***(b) go mbeidh líon na n-urrús inaistrithe DLT arna dtaifeadadh ar MTF DLT cothrom le líon iomlán na n-urrús inaistrithe DLT sin atá i gcúrsaíocht ar an teicneolaíocht mórleabhar dáilte tráth ar bith;***

***(c) go gcoimeádann MTF DLT taifid lena gcuirfear ar chumas an ghnólachta infheistíochta nó an oibreora margaidh a bhfuil DLT MTF á oibriú aige, gan mhoill agus tráth ar bith, urrúis inaistrithe DLT de chuid comhalta, rannpháirtí, eisitheora nó cliaint a leithscaradh ó urrúis inaistrithe DLT aon chomhalta, rannpháirtí, eisitheora, nó cliaint eile.***

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Ós rud é gur ghá an gnólacht infheistíochta nó an t-oibreoir margaidh a cheadúnú faoi CSDR (agus go ndéanfaí TLU de dá bhrí sin), níl an díolúine a fhoráiltear di i mír 2 ábhartha a thuilleadh. Thairis sin, tá sé mar aidhm leis an leasú seo nach mbeadh cothrom na Féinne ann do MTF DLT i gcomparáid le SSS DLT (atá faoi réir ceada seachas díolúine).*

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás nár iarr MTF DLT aon ***díolúine*** i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, déanfar urrúis inaistrithe DLT a thaifeadadh i ***bhfoirm cuntais reatha in TLU nó ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte*** TLU a bhfuil córas socraíochta urrús ***DLT*** á oibriú aige. | I gcás nár iarr ***oibreoir*** MTF DLT aon ***chead*** i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, déanfar urrúis inaistrithe DLT a thaifeadadh in TLU a bhfuil córas socraíochta urrús DLT á oibriú aige ***nó in TLU a bhfuil SSS DLT nó TSS DLT á oibriú aige***. |

Or. en

*Réasúnú*

*Dealraíonn sé uaireanta go measctar na coincheapa 'cead' agus 'díolúine' sa dréacht-Rialachán. Dar leis an Rapóirtéir, is ionann agus cead é cead a thabhairt do MTF DLT dul i mbun gníomhaíochtaí socraíochta urrús; a luaithe a thabharfar an cead sin, ní mór na díolúintí is gá (ó CSDR) a dheonú chun go mbeidh timpeallacht DLT in ann a hacmhainneacht iomlán a bhaint amach. Thairis sin, is é oibreoir an MTF DLT sa chéad fhomhír (agus ní an MTF DLT) a dhéanann an iarraidh ar chead. Sa bhreis air sin, cuirtear an abairt dheireanach ar bhealach eile chun í a dhéanamh níos sothuigthe, gan an bhrí a athrú. Ar deireadh, ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina bhfuil ***díolúine*** faoi mhír 2 iarrtha ag gnólacht infheistíochta nó oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT á oibriú aige, áiritheoidh sé, trí bhíthin nósanna imeachta agus socruithe láidre, go ndéanfaidh ***MTF*** DLT an méid seo a leanas: | 3. I gcás ina bhfuil ***cead*** faoi mhír 2 iarrtha ag gnólacht infheistíochta nó oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT á oibriú aige, áiritheoidh sé, trí bhíthin nósanna imeachta agus socruithe láidre, ***go gcomhlíonfaidh sé na ceanglais agus na díolúintí céanna is infheidhme maidir le SSS DLT agus a TLU oibriúcháin, agus, dá bhrí sin***, go ndéanfaidh ***TSS*** DLT an méid seo a leanas: |

Or. en

*Réasúnú*

*Cead seachas díolúine atá i gceist le mír 2. Thairis sin, ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go bhfuil líon na n-urrús inaistrithe DLT in eisiúint nó i gcuid d'eisiúint arna ligean isteach ag an ngnólacht | (a) go bhfuil líon na n-urrús inaistrithe DLT in eisiúint nó i gcuid d'eisiúint arna ligean isteach ag an ngnólacht |

| | |
|---|---|
| infheistíochta nó ag an oibreoir margaidh a bhfuil ***MTF*** DLT á oibriú aige cothrom le suim na n-urrús inaistrithe DLT a chuimsíonn eisiúint den sórt sin nó cuid d'eisiúint, arna taifeadadh ar an DLT, tráth ar bith; | infheistíochta nó ag an oibreoir margaidh a bhfuil ***TSS*** DLT á oibriú aige cothrom le suim na n-urrús inaistrithe DLT a chuimsíonn eisiúint den sórt sin nó cuid d'eisiúint, arna taifeadadh ar an DLT, tráth ar bith; |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) slánchoinneáil aon urrús inaistrithe DLT a ráthú, chomh maith le slánchoinneáil aon chiste chun íocaíochtaí a dhéanamh i leith na n-urrús sin nó i leith aon chomhthaobhachta a sholáthraítear i leith na n-idirbheart sin trí ***MTF*** DLT a úsáid; | (b) slánchoinneáil aon urrús inaistrithe DLT a ráthú, chomh maith le slánchoinneáil aon chiste chun íocaíochtaí a dhéanamh i leith na n-urrús sin nó i leith aon chomhthaobhachta a sholáthraítear i leith na n-idirbheart sin trí ***TSS*** DLT a úsáid; |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe c – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfar ***íocaíochtaí*** a shocrú trí airgead bainc cheannais i gcás ina bhfuil sé indéanta agus ar fáil, nó i gcás nach bhfuil sé indéanta agus ar fáil, trí airgead bainc | Féadfar ***an chuid d'íocaíocht*** a shocrú trí airgead bainc cheannais, i gcás ina bhfuil sé indéanta agus ar fáil, nó i gcás nach bhfuil sé indéanta agus ar fáil, trí airgead |

| | |
|---|---|
| thráchtála, lena n-áirítear airgead bainc thráchtála i bhfoirm ceadchomharthaithe, nó i gceadchomharthaí ríomhairgid. | bainc thráchtála, lena n-áirítear airgead bainc thráchtála i bhfoirm ceadchomharthaithe, nó i gceadchomharthaí ríomhairgid. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – pointe c – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina ndéantar socraíocht trí airgead bainc thráchtála nó trí cheadchomharthaí ríomhairgid, déanfaidh an gnólacht infheistíochta nó an t-oibreoir margaidh a bhfuil ***MTF*** DLT á oibriú aige aon riosca contrapháirtí a eascróidh as úsáid airgid den sórt sin a shainaithint, a thomhas, a bhainistiú, a íoslaghdú agus déanfaidh sé faireachán air; agus | I gcás ina ndéantar socraíocht trí airgead bainc thráchtála nó trí cheadchomharthaí ríomhairgid, déanfaidh an gnólacht infheistíochta nó an t-oibreoir margaidh a bhfuil ***TSS*** DLT á oibriú aige aon riosca contrapháirtí a eascróidh as úsáid airgid den sórt sin a shainaithint, a thomhas, a bhainistiú, a íoslaghdú agus déanfaidh sé faireachán air. agus |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga) taifid a choimeád lena gcuirfear ar chumas an ghnólachta infheistíochta nó an oibreora margaidh a bhfuil TSS DLT á oibriú aige, gan mhoill agus tráth ar bith, urrúis inaistrithe DLT de chuid*** |

| | |
|---|---|
| | ***chomhalta, rannpháirtí, eisitheora nó cliaint a imdhealú ó urrúis inaistrithe DLT aon chomhalta, rannpháirtí, eisitheora, nó cliaint eile.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Aistríodh an pointe anseo ó Airteagal 4.2(c).*

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás ina n-iarrann gnólacht infheistíochta nó oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT á oibriú aige díolúine i gcomhréir le ***mír 2 nó le*** Treoir (AE) .../...[54], léireoidh sé, in aon chás, maidir leis an díolúine a iarradh: | 4. I gcás ina n-iarrann gnólacht infheistíochta nó oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT á oibriú aige ***cead i gcomhréir le mír 2 nó*** díolúine i gcomhréir le Treoir (AE) .../...[54], léireoidh sé, in aon chás, maidir leis an ***gcead nó*** an díolúine a iarradh: |
| [54] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2009/65/CE, 2009/138/AE, 2011/61/AE, AE/2013/36, 2014/65/AE, (AE) 2015/2366 agus AE/2016/2341 - - COM(2020)596 | [54] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2009/65/CE, 2009/138/AE, 2011/61/AE, AE/2013/36, 2014/65/AE, (AE) 2015/2366 agus AE/2016/2341 - - COM(2020)596 |

Or. en

*Réasúnú*

*Cead seachas díolúine atá i gceist le mír 2.*

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) go bhfuil sé teoranta do MTF DLT agus nach ***gcumhdaítear*** aon MTF eile atá á oibriú ag an ngnólacht infheistíochta nó ag an oibreoir margaidh sin. | (b) go bhfuil sé teoranta do MTF DLT agus nach ***gcumhdaítear*** aon MTF eile atá á oibriú ag an ngnólacht infheistíochta nó ag an oibreoir margaidh sin. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceanglais agus díolúintí maidir le ***córas*** socraíochta urrús DLT | Ceanglais agus díolúintí maidir le ***córais*** socraíochta urrús DLT |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh ***TLU*** a bhfuil ***córas socraíochta urrús DLT*** á oibriú aige faoi réir na gceanglas is infheidhme maidir le TLU faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ach amháin: | 1. Beidh ***SSS DLT agus a TLU*** oibríochta faoi réir na gceanglas is infheidhme maidir le ***córas socraíochta urrús agus a TLU oibríochta*** faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ***nó faoi réir aon reachtaíocht eile AE maidir le seirbhísí airgeadais is infheidhme***, ach amháin: |

Or. en

*Réasúnú*

*Tá ceanglais áirithe infheidhme maidir le hoibreoir an bhonneagair margaidh. Thairis sin, is iomchuí a thabhairt chun suntais go bhfuil feidhm freisin ag 'aon reachtaíocht eile AE maidir le seirbhísí airgeadais is infheidhme' seachas RTLU.*

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) má chomhlíonann an gnólacht infheistíochta nó an t-oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT á oibriú aige na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 2 go 7 agus aon bheart cúiteach breise a mheasfaidh an t-údarás inniúil a dheonaigh an cead sonrach a bheith iomchuí chun na cuspóirí arna saothrú ag na forálacha a n-iarrtar díolúine ina leith a chomhlíonadh nó chun cosaint infheisteoirí, sláine margaidh agus/nó cobhsaíocht airgeadais a áirithiú. | (c) má chomhlíonann an gnólacht infheistíochta nó an t-oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT á oibriú aige na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 2 go 7 agus aon bheart cúiteach ***nó ceartaitheach*** breise a mheasfaidh ***ESMA nó*** an t-údarás inniúil a dheonaigh an cead sonrach a bheith iomchuí chun na cuspóirí arna saothrú ag na forálacha a n-iarrtar díolúine ina leith a chomhlíonadh nó chun cosaint infheisteoirí, sláine margaidh agus/nó cobhsaíocht airgeadais a áirithiú. |

Or. en

*Réasúnú*

*Is iomchuí ESMA a lua anseo freisin.*

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) a léiriú go bhfuil úsáid 'cuntas urrús', mar a shainmhínítear faoi Airteagal 2(28) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 nó úsáid foirm cuntais reatha ar neamhréir le húsáid ***a*** DLT féin; | (a) a léiriú go bhfuil úsáid 'cuntas urrús', mar a shainmhínítear faoi Airteagal 2(28) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, nó úsáid foirm cuntais reatha ar neamhréir le húsáid DLT ar leith ***arna oibriú ag an TLU lena mbaineann***; |

Or. en

*Réasúnú*

*Tá an leasú seo dírithe ar fhoclaíocht atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de maidir le húsáid DLTanna.*

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) bearta cúiteacha a mholadh chun na cuspóirí arna saothrú leis na forálacha a n-iarrtar díolúine ina leith a chomhlíonadh, agus chun an méid seo a leanas ar a laghad a áirithiú: | (b) bearta cúiteacha ***nó ceartaitheacha*** a mholadh chun na cuspóirí arna saothrú leis na forálacha a n-iarrtar díolúine ina leith a chomhlíonadh, agus chun an méid seo a leanas ar a laghad a áirithiú: |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) go bhfuil leibhéal leordhóthanach cumais, inniúlachta, taithí agus eolais acu faoin iarthrádáil agus faoi fheidhmiú DLT. | (b) go bhfuil leibhéal leordhóthanach cumais, inniúlachta, taithí agus eolais acu faoin iarthrádáil agus faoi fheidhmiú DLT, ***agus faoin measúnú ar rioscaí***. |

Or. en

*Réasúnú*

*Is iomchuí a éileamh freisin go mbeadh tuiscint iomchuí ag rannpháirtithe ar na rioscaí ardleibhéil a d'fhéadfadh a bheith i gceist.*

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Arna iarraidh sin dó, féadfaidh an t-údarás inniúil TLU a bhfuil ***córas socraíochta urrús*** DLT á oibriú aige a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm Airteagal 40 Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ar shocraíocht airgid thirim, ar choinníoll go n-áirithíonn TLU soláthar in áit íocaíochta. | Arna iarraidh sin dó, féadfar an t-údarás inniúil TLU a bhfuil ***SSS*** DLT á oibriú aige a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm Airteagal 40 Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ar shocraíocht airgid thirim, ar choinníoll go n-áirithíonn TLU soláthar in áit íocaíochta. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfar ***íocaíochtaí*** a shocrú trí airgead bainc cheannais, i gcás ina bhfuil sé indéanta agus ar fáil, nó i gcás nach bhfuil sé indéanta agus ar fáil, trí airgead bainc thráchtála, lena n-áirítear airgead bainc thráchtála i bhfoirm ceadchomharthaithe, nó i gceadchomharthaí ríomhairgid. | Féadfar ***an chuid d'íocaíocht*** a shocrú trí airgead bainc cheannais, i gcás ina bhfuil sé indéanta agus ar fáil, nó i gcás nach bhfuil sé indéanta agus ar fáil, trí airgead bainc thráchtála, lena n-áirítear airgead bainc thráchtála i bhfoirm ceadchomharthaithe, nó i gceadchomharthaí ríomhairgid. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 5 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina ndéantar socraíocht trí airgead bainc thráchtála nó trí cheadchomharthaí ríomhairgid, déanfaidh an ***gnólacht infheistíochta nó an t-oibreoir margaidh*** a bhfuil ***MTF DLT*** á oibriú aige aon riosca contrapháirtí a eascróidh as úsáid airgid den sórt sin a shainaithint, a thomhas, a bhainistiú, a íoslaghdú agus déanfaidh sé faireachán air. | I gcás ina ndéantar socraíocht trí airgead bainc thráchtála nó trí cheadchomharthaí ríomhairgid, déanfaidh an ***TLU*** a bhfuil ***SSS DLT*** á oibriú aige aon riosca contrapháirtí a eascróidh as úsáid airgid den sórt sin a shainaithint, a thomhas, a bhainistiú, a íoslaghdú agus déanfaidh sé faireachán air. |

Or. en

*Réasúnú*

*Ceartúchán (Baineann Airteagal 5 le SSSanna DLT agus ní le MTFanna DLT).*

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Arna iarraidh sin dó, féadfar TLU a bhfuil ***córas socraíochta urrús*** DLT á oibriú aige a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm Airteagal 50 agus/nó Airteagal 53 ar rochtain chaighdeánach ar nasc agus rochtain idir TLU agus bonneagar margaidh eile de chuid Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ar choinníoll go léirítear ann DLT a bheith ar neamhréir le córas leagáide TLUnna eile nó bonneagair mhargaidh eile nó gur costais dhíréireacha a bheadh mar thoradh ar rochtain a thabhairt do TLU eile nó bonneagair mhargaidh eile a bheith ag baint leasa as córais leagáide, i bhfianaise mhéid chóras socraíochta urrús DLT. | 6. Arna iarraidh sin dó, féadfar TLU a bhfuil ***SSS*** DLT á oibriú aige a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm Airteagal 50 agus/nó Airteagal 53 ar rochtain chaighdeánach ar nasc agus rochtain idir TLU agus bonneagar margaidh eile de chuid Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ar choinníoll go léirítear ann DLT a bheith ar neamhréir le córas leagáide TLUnna eile nó bonneagair mhargaidh eile nó gur costais dhíréireacha a bheadh mar thoradh ar rochtain a thabhairt do TLU eile nó bonneagair mhargaidh eile a bheith ag baint leasa as córais leagáide, i bhfianaise mhéid chóras socraíochta urrús DLT. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Arna iarraidh sin dó, féadfar a cheadú do TLU a bhfuil SSS DLT á oibriú aige urrúis inaistrithe DLT a ligean isteach chun a dtrádála. I gcás den sórt sin, measfar go n-oibreoidh sé TSS. I gcás ina mbeidh an cead sin iarrtha ag TLU a bhfuil DLT SSS á oibriú aige, áiritheoidh sé, trí bhíthin nósanna imeachta agus socruithe stóinseacha, go gcomhlíonfaidh sé na ceanglais agus na díolúintí céanna is infheidhme maidir le MTF DLT agus a ghnólacht infheistíochta oibriúcháin nó a oibreoir margaidh faoin Rialachán seo. I gcás den sórt sin, measfar gur TSS DLT an SSS DLT.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Chun machaire comhréidh a áirithiú, ba cheart go gceadófaí do SSS DLT na róil atá ag MTF DLT a chomhlíonadh, ar an mbealach céanna is a cheadaítear do MTF DLT a róil SSS DLT a chomhlíonadh.*

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 7 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás inar iarr TLU a bhfuil ***córas socraíochta urrús*** DLT á oibriú aige díolúine i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, tabharfaidh sé rochtain do TLUnna eile a bhfuil córas socraíochta urrús DLT á oibriú acu nó do MTFanna DLT. | I gcás inar iarr TLU a bhfuil ***SSS*** DLT á oibriú aige díolúine i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, tabharfaidh sé rochtain do TLUnna eile a bhfuil córas socraíochta urrús DLT á oibriú acu nó do MTFanna DLT. ***Cuirfidh TLU a bhfuil DLT SSS á oibriú aige an t-údarás inniúil ar an eolas*** |

| | |
|---|---|
| | ***faoin rún atá aige aon rochtain den sórt sin a bhunú. Tar éis dul i gcomhairle le ESMA ar bhonn éigeantach, féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar an rochtain sin a mhéid a dhéanfadh sé dochar do chobhsaíocht chóras airgeadais an Aontais.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Is é is aidhm don leasú seo feasacht a chruthú go bhféadfar rioscaí cobhsaíochta airgeadais a ghiniúint leis an gceanglas rochtana oscailte ar TLUnna a bhfuil DLT SSS á oibriú acu chun rochtain a thabhairt do TLUnna eile a bhfuil SSS DLT á oibriú acu nó do MTFanna DLT. Moltar go bhféadfaí rochtain a thoirmeasc i gcás ina ndéanfadh rioscaí den sórt sin dochar do chobhsaíocht an chórais airgeadais.*

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 7 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina n-iarrann TLU a bhfuil córas socraíochta urrús DLT á oibriú aige díolúine i gcomhréir le mír 2 agus le mír 6, déanfaidh sé a léiriú: | I gcás ina n-iarrann TLU a bhfuil córas socraíochta urrús DLT á oibriú aige díolúine i gcomhréir le mír 2 agus le mír 6 ***nó cead i gcomhréir le mír 6a***, déanfaidh sé a léiriú: |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 7 – fomhír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go bhfuil an díolúine a iarrtar comhréireach le húsáid ***a DLT*** agus go | (a) go bhfuil an díolúine ***nó an cead*** a iarrtar comhréireach le húsáid ***an DLT*** |

| | |
|---|---|
| bhfuil údar cuí leis dá bharr, ***agus***; | ***arna oibriú ag an TLU sin*** agus go bhfuil údar cuí leo dá bharr; ***agus*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Thairis sin, tá an leasú seo dírithe ar fhoclaíocht atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de maidir le húsáid DLTanna.*

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 7 – fomhír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) go bhfuil an díolúine a iarradh teoranta do chóras socraíochta urrús DLT agus nach gcuireann sé le haon chóras socraíochta urrús mar a shainmhínítear in Airteagal 2(10) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 arna oibriú ag TLU céanna. | (b) go bhfuil an díolúine ***nó an cead*** a iarradh teoranta do chóras socraíochta urrús DLT agus nach gcuireann sé le haon chóras socraíochta urrús mar a shainmhínítear in Airteagal 2(10) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 arna oibriú ag TLU céanna. |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Mar ráiteas ginearálta, measann an Rapóirtéir gur cheart grinnscrúdú cúramach a dhéanamh ar an Rialachán uile maidir le húsáid chomhsheasmhach na dtéarmaí 'díolúine' agus 'cead'.*

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. I gcás inar iarr TLU díolúine a tugadh faoi mhír 3, ní bheidh feidhm ag an gceanglas in Airteagal 39(1) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014/AE ar ***chóras socraíochta urrús*** DLT go | 8. I gcás inar iarr TLU díolúine a tugadh faoi mhír 3, ní bheidh feidhm ag an gceanglas in Airteagal 39(1) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014/AE ar ***SSS*** DLT ***nó ar TSS DLT*** go ndéanann na |

| | |
|---|---|
| ndéanann na Ballstáit an córas socraíochta urrús arna oibriú ag TLU i gcomhréir le Treoir 98/26/CE a ainmniú agus fógra a thabhairt faoi. Ní chuirfidh an méid seo aon bhac ar na Ballstáit ó ***chóras socraíochta urrús*** DLT a ainmniú agus fógra a thabhairt faoi i gcomhréir le Treoir 98/26/CE i gcás ina gcomhlíonann ***córas socraíochta urrús*** DLT ceanglais uile na Treorach sin. | Ballstáit an córas socraíochta urrús arna oibriú ag TLU i gcomhréir le Treoir 98/26/CE a ainmniú agus fógra a thabhairt faoi. Ní chuirfidh an méid seo aon bhac ar na Ballstáit ó ***SSS*** DLT ***nó TSS DLT*** a ainmniú agus fógra a thabhairt faoi i gcomhréir le Treoir 98/26/CE i gcás ina gcomhlíonann an ***SSS*** DLT ***nó an TSS DLT*** ceanglais uile na Treorach sin. |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceanglais bhreise ***maidir le*** bonneagair mhargaidh DLT | Ceanglais bhreise ***le haghaidh bonneagar margaidh*** DLT |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart doiciméadacht scríofa atá cothrom le dáta, soiléir, mionsonraithe agus ar fáil ***go poiblí*** a bheith acu freisin, doiciméadacht a fhéadfar a chur ar fáil go leictreonach, lena sainmhíneofar na rialacha faoina n-oibreoidh ***an bonneagar*** | Ba cheart doiciméadacht scríofa atá cothrom le dáta, soiléir, mionsonraithe agus ar fáil ***go poiblí*** a bheith acu freisin, doiciméadacht a fhéadfar a chur ar fáil go leictreonach, lena sainmhíneofar na rialacha faoina n-oibreoidh ***na bonneagair*** |

| | |
|---|---|
| margaidh DLT, lena n-áirítear na téarmaí dlíthiúla comhaontaithe lena mbaineann, lena sainmhíneofar cearta, oibleagáidí, freagrachtaí agus dliteanais oibreoir an bhonneagair margaidh DLT, chomh maith le cearta, oibleagáidí, freagrachtaí agus dliteanais na gcomhaltaí, na rannpháirtithe, na n-eisitheoirí agus/nó na gcliant a bhaineann úsáid as an mbonneagar margaidh DLT lena mbaineann. Sonrófar sna socruithe dlíthiúla sin an dlí rialaithe, an sásra réamhdhlíthíochta um réiteach díospóidí agus an dlínse maidir le caingean dlí a thionscnamh. | ***mhargaidh*** DLT ***agus a n-oibreoirí***, lena n-áirítear na téarmaí dlíthiúla comhaontaithe lena mbaineann, lena sainmhíneofar cearta, oibleagáidí, freagrachtaí agus dliteanais oibreoir an bhonneagair margaidh DLT, chomh maith le cearta, oibleagáidí, freagrachtaí agus dliteanais na gcomhaltaí, na rannpháirtithe, na n-eisitheoirí agus/nó na gcliant a bhaineann úsáid as an mbonneagar margaidh DLT lena mbaineann. Sonrófar sna socruithe dlíthiúla sin an dlí rialaithe, an sásra réamhdhlíthíochta um réiteach díospóidí agus an dlínse maidir le caingean dlí a thionscnamh. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta. Thairis sin, tá ceanglais áirithe infheidhme maidir le hoibreoir an bhonneagair margaidh.*

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh TLU a bhfuil ***córas socraíochta urrús*** DLT á oibriú aige, agus gnólacht infheistíochta nó oibreoir margaidh a oibríonn ***MTF*** DLT lena n-iarrtar díolúine ó Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, rialacha a bhunú maidir le feidhmiú ***DLT*** a oibrítear leo, lena n-áirítear na rialacha chun rochtain a fháil ar ***theicneolaíocht*** mórleabhar dáilte, rannpháirtíocht na nód bailíochtaithe, aghaidh a thabhairt ar choimhlintí leasa is féidir a bheith ann, agus bainistíocht rioscaí lena n-áirítear aon bheart maolaithe. | 2. Déanfaidh TLU a bhfuil ***SSS*** DLT á oibriú aige, agus gnólacht infheistíochta nó oibreoir margaidh a oibríonn ***TSS*** DLT lena n-iarrtar díolúine ó Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, rialacha a bhunú ***nó a dhoiciméadú, de réir mar is iomchuí***, maidir le feidhmiú an ***mhórleabhair dáilte*** a oibrítear leo, lena n-áirítear na rialacha chun rochtain a fháil ar an mórleabhar dáilte, rannpháirtíocht na nód bailíochtaithe, aghaidh a thabhairt ar choimhlintí leasa is féidir a bheith ann, agus bainistíocht rioscaí lena n-áirítear aon bheart maolaithe. |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Thairis sin, tá an leasú seo dírithe ar fhoclaíocht atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de maidir le húsáid DLTanna. Ar deireadh, barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh nós imeachta sonrach maidir le riosca oibríochtúil ag oibreoirí an bhonneagair margaidh DLT maidir leis na rioscaí a bhaineann le DLT agus criptea-shócmhainní a úsáid agus maidir leis an gcaoi a dtabharfaí aghaidh ar na rioscaí sin ach iad a bheith ann. | Beidh nós imeachta ***bainistíochta*** sonrach maidir le riosca oibríochtúil ag oibreoirí an bhonneagair margaidh DLT maidir leis na rioscaí a bhaineann le DLT agus criptea-shócmhainní a úsáid agus maidir leis an gcaoi a dtabharfaí aghaidh ar na rioscaí sin ach iad a bheith ann. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Déanfaidh oibreoir an bhonneagair margaidh DLT straitéis shoiléir mhionsonraithe a sholáthar a mbeidh teacht ag an bpobal air maidir le haistriú amach as nó scor bonneagar margaidh DLT áirithe (dá dtagraítear anseo mar an 'straitéis aistrithe'), réidh lena húsáid go tráthúil, i gcás nach mór an cead nó roinnt de na díolúintí a dheonaítear le hAirteagal 4 nó le hAirteagal 5 a tharraingt siar nó a scor, nó i gcás scoir dheonaigh nó neamhdheonaigh ghnó ***MTF*** DLT ***nó córas socraíochta urrús DLT***. Leagfar amach sa straitéis | 6. Déanfaidh oibreoir an bhonneagair margaidh DLT straitéis shoiléir mhionsonraithe a sholáthar a mbeidh teacht ag an ***bpobal*** air maidir le haistriú amach as nó scor bonneagar margaidh DLT áirithe (dá dtagraítear anseo mar an 'straitéis aistrithe'), réidh lena húsáid go tráthúil, i gcás nach mór an cead nó roinnt de na díolúintí a dheonaítear le hAirteagal 4 nó le hAirteagal 5 a tharraingt siar nó a scor, nó i gcás scoir dheonaigh nó neamhdheonaigh ghnó ***an bhonneagair margaidh*** DLT. Leagfar amach sa straitéis aistrithe conas a |

| | |
|---|---|
| aistrithe conas a chaithfear le comhaltaí, rannpháirtithe, eisitheoirí agus cliaint i gcás tarraingt siar, scoir nó staid den sórt sin. Déanfar an straitéis aistrithe a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach ach toiliú a fháil roimh ré ón údarás inniúil a dheonaigh an cead oibrithe agus na díolúintí lena mbaineann faoi Airteagal 4 agus Airteagal 5. | chaithfear le comhaltaí, rannpháirtithe, eisitheoirí agus cliaint i gcás tarraingt siar, scoir nó staid den sórt sin. Déanfar an straitéis aistrithe a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach ach toiliú a fháil roimh ré ón údarás inniúil a dheonaigh an cead oibrithe agus na díolúintí lena mbaineann faoi Airteagal 4 agus Airteagal 5. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta agus ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Tá sé níos iomchuí anseo an téarma cineálach 'bonneagair mhargaidh DLT' (lena n-áirítear TSS DLT) a úsáid.*

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ***i gcás inarb infheidhme***, feidhmiú ***a DLT dílseánaigh*** dá dtagraítear in Airteagal 6(2); | (c) feidhmiú an mhórleabhair dháilte dá dtagraítear in Airteagal 6(2); |

Or. en

*Réasúnú*

*D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an fhoclaíocht sa togra ón gCoimisiún Eorpach iallach ar bhonneagair mhargaidh úsáid a bhaint as DLTanna sonraithe, i.e. DLTanna dílseánaigh (i gcodarsnacht le DLTanna poiblí nó DLTanna cuibhreannas). Tá an leasú seo dírithe ar fhoclaíocht atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. San am céanna, ba cheart gurb é bonneagar margaidh DLT a bheadh faoi dhliteanas i gcónaí i leith fheidhmiú an DLT ar leith a úsáidtear, is cuma an DLT dílseánaigh nó cineál eile DLT é an tionscadal comhartha slándála. Ar deireadh, barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) an díolúine atá á hiarraidh aige, i gcomhréir le hAirteagal 4, an t-údar cuí a bhaineann le gach díolúine atá á lorg, aon bheart cúiteach a mholtar chomh maith leis na modhanna atá beartaithe chun na coinníollacha a ghabhann le díolúintí den sórt sin faoi Airteagal 4 a chomhlíonadh. | (g) an díolúine atá á hiarraidh aige, i gcomhréir le hAirteagal 4, an t-údar cuí a bhaineann le gach díolúine atá á lorg, aon bheart cúiteach ***nó ceartaitheach*** a mholtar chomh maith leis na modhanna atá beartaithe chun na coinníollacha a ghabhann le díolúintí den sórt sin faoi Airteagal 4 a chomhlíonadh. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Sula ndéanfar cinneadh maidir le hiarratas ar chead sonrach chun MTF DLT a oibriú faoin Rialachán seo, tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile fógra do ESMA agus cuirfidh sé ar fáil faisnéis ábhartha maidir leis an MTF DLT agus míniú ar na díolúintí a iarradh, ar na cúiseanna atá leo agus ar aon bheart cúiteach arna moladh ag an iarrthóir nó arna éileamh ag an údarás inniúil. | 3. Sula ndéanfar cinneadh maidir le hiarratas ar chead sonrach chun MTF DLT a oibriú faoin Rialachán seo, tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile fógra do ESMA agus cuirfidh sé ar fáil faisnéis ábhartha maidir leis an MTF DLT agus míniú ar na díolúintí a iarradh, ar na cúiseanna atá leo agus ar aon bheart cúiteach ***nó ceartaitheach*** arna moladh ag an iarrthóir nó arna éileamh ag an údarás inniúil. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Laistigh de thrí mhí ón bhfógra a fháil, cuirfidh ESMA ***tuairim neamhcheangailteach*** ar fáil don údarás inniúil maidir leis an iarratas agus déanfaidh sé aon mholadh maidir leis na díolúintí arna iarraidh ag an iarratasóir, a bhfuil gá leo chun cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú. Déanfaidh ESMA comhsheasmhacht agus comhréireacht na ndíolúintí arna ndeonú ag údaráis inniúla do ghnólachtaí infheistíochta nó oibreoirí margaidh lena n-oibrítear córas MTFanna DLT ar fud an Aontais. Chun an méid sin a dhéanamh, rachaidh ESMA i gcomhairle le húdaráis inniúla na mBallstát eile go tráthúil agus cuirfidh sé a dtuairimí go mór san áireamh sa ***tuairim*** uaidh. | Laistigh de thrí mhí ón bhfógra a fháil, cuirfidh ESMA ***moladh, arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010***, ar fáil don údarás inniúil maidir leis an iarratas agus déanfaidh sé aon mholadh maidir leis na díolúintí arna iarraidh ag an iarratasóir, a bhfuil gá leo chun cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú. Déanfaidh ESMA comhsheasmhacht agus comhréireacht na ndíolúintí arna ndeonú ag údaráis inniúla do ghnólachtaí infheistíochta nó oibreoirí margaidh lena n-oibrítear córas MTFanna DLT ar fud an Aontais. Chun an méid sin a dhéanamh, rachaidh ESMA i gcomhairle le húdaráis inniúla na mBallstát eile go tráthúil agus cuirfidh sé a dtuairimí go mór san áireamh sa ***mholadh*** uaidh. |

Or. en

*Réasúnú*

*D'fhonn comhsheasmhacht agus comhréireacht na ndíolúintí arna ndeonú ag údaráis inniúla éagsúla ar fud an Aontais a áirithiú agus ar an gcaoi sin, an machaire comhréidh a chothú, molann an Rapóirtéir go n-eiseodh ESMA moladh seachas tuairim neamhcheangailteach. Murab ionann agus tuairim ó ESMA, tá moladh ó ESMA bunaithe ar an gcur chuige 'comhlíon nó tabhair míniú', i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 (Rialachán ESMA).*

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Foilseoidh ESMA ar a shuíomh gréasáin an liosta MTFanna DLT, dátaí tosaithe agus críochnaithe na gceadanna sonracha agus liosta na ndíolúintí a dheonaítear do gach ceann díobh. | Foilseoidh ESMA ar a shuíomh gréasáin an liosta MTFanna DLT, dátaí tosaithe agus críochnaithe na gceadanna sonracha agus liosta na ndíolúintí a dheonaítear do gach ceann díobh. ***Thairis sin, foilseoidh ESMA ar a shuíomh gréasáin gach iarraidh ar dhíolúintí a rinneadh faoin Rialachán*** |

| | |
|---|---|
| | ***seo, agus cuirfidh sé in iúl i ngach cás cibé acu ar mhol ESMA go nglacfaí an díolúine nó go ndiúltófaí í.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Ba cheart na hiarrataí ar cheadanna agus ar dhíolúintí chomh maith leis na cinntí deiridh a chur ar fáil don phobal. Chun trédhearcacht iomlán a chur ar fáil maidir leis an bpróiseas díolúine, ba cheart iarrataí ar glacadh leo chomh maith leo siúd a diúltaíodh a fhoilsiú, tar éis faisnéis íogair ghnó a bhaint. Ba cheart na moltaí ábhartha, tar éis faisnéis íogair ghnó a bhaint, a fhoilsiú freisin.*

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 6 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tá urrúis inaistrithe DLT nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 3(1) agus 3(2) taifeadta ag an ngnólacht infheistíochta nó oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT á oibriú aige, agus a bhfuil ***díolúine ó*** Airteagal ***3(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014*** iarrtha aige; | (d) tá urrúis inaistrithe DLT nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 3(1) agus 3(2) taifeadta ag an ngnólacht infheistíochta nó oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT á oibriú aige, agus a bhfuil ***cead*** iarrtha aige ***chun urrúis inaistrithe DLT a thaifeadadh agus a shocrú faoi*** Airteagal ***4(2)***; |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú leis an leasú ar Airteagal 4(2): athraítear an díolúine ó Airteagal 3(2) CSDR go cead urrúis inaistrithe DLT a thaifeadadh agus a shocrú.*

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 6 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) tá na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 3(3) nó mír 3 d’Airteagal (5) sáraithe ag an ngnólacht infheistíochta nó | (e) tá na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 3(3) nó mír 3 d’Airteagal (5) sáraithe ag an ngnólacht infheistíochta nó |

| | |
|---|---|
| oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT á oibriú aige, agus a bhfuil cead ***sonrach*** iarrtha aige ***díolúine a fháil ó*** Airteagal ***3(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014***; nó | oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT á oibriú aige, agus a bhfuil cead iarrtha aige ***urrúis inaistrithe DLT a thaifeadadh agus a shocrú faoi*** Airteagal ***4(2)***; nó |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú leis an leasú ar Airteagal 4(2): athraítear an díolúine ó Airteagal 3(2) CSDR go cead urrúis inaistrithe DLT a thaifeadadh agus a shocrú.*

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 7 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag gnólacht infheistíochta nó oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT á oibriú aige athrú ábhartha ***a thabhairt isteach*** ar fheidhmiú DLT, nó ar a sheirbhísí nó a ghníomhaíochtaí le linn a ghníomhaíochta, agus go mbeadh cead nua, díolúine nua nó modhnú ar cheann amháin nó níos mó de na díolúintí atá aige cheana nó aon choinníoll a ghabhann leis riachtanach ina leith, iarrfaidh sé an cead, díolúine nó modhnú sin i gcomhréir le hAirteagal 4. Déanfaidh an t-údarás inniúil an cead, an díolúine nó an modhnú sin a phróiseáil, i gcomhréir le míreanna 2 go 5. | 7. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag gnólacht infheistíochta nó oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT á oibriú aige athrú ábhartha ***a thabhairt isteach*** ar fheidhmiú DLT, nó ar a sheirbhísí nó a ghníomhaíochtaí le linn a ghníomhaíochta, agus go mbeadh cead nua, díolúine nua nó modhnú ar cheann amháin nó níos mó de na díolúintí atá aige cheana nó aon choinníoll a ghabhann leis riachtanach ina leith, iarrfaidh sé an cead, díolúine nó modhnú sin i gcomhréir le hAirteagal 4. Déanfaidh an t-údarás inniúil an cead, an díolúine nó an modhnú sin a phróiseáil, i gcomhréir le míreanna 2 go 5. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) feidhmiú ***a DLT dílseánaigh*** dá dtagraítear in Airteagal 6(2); | (c) feidhmiú ***an mhórleabhair dháilte*** dá dtagraítear in Airteagal 6(2); |

Or. en

*Réasúnú*

*D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an fhoclaíocht sa togra ón gCoimisiún Eorpach iallach ar bhonneagair mhargaidh úsáid a bhaint as DLTanna sonraithe, i.e. DLTanna dílseánaigh (i gcodarsnacht le DLTanna poiblí nó DLTanna cuibhreannas). Tá an leasú seo dírithe ar fhoclaíocht atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. San am céanna, ba cheart gurb é bonneagar margaidh DLT a bheadh faoi dhliteanas i gcónaí i leith fheidhmiú an DLT ar leith a úsáidtear, is cuma an DLT dílseánaigh nó cineál eile DLT é an tionscadal comhartha slándála. Ar deireadh, barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) an díolúine atá á hiarraidh aige, i gcomhréir le hAirteagal 5, na húdair a bhaineann le gach díolúine atá á lorg, aon bheart cúiteach a mholtar chomh maith leis na bearta atá beartaithe chun na coinníollacha a ghabhann le díolúintí den sórt sin faoi Airteagal 5 a chomhlíonadh. | (g) an díolúine atá á hiarraidh aige, i gcomhréir le hAirteagal 5, na húdair a bhaineann le gach díolúine atá á lorg, aon bheart cúiteach ***nó ceartaitheach*** a mholtar chomh maith leis na bearta atá beartaithe chun na coinníollacha a ghabhann le díolúintí den sórt sin faoi Airteagal 5 a chomhlíonadh. |

Or. en

*Réasúnú*

*Barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Sula ndéanfar cinneadh maidir le hiarratas ar chead sonrach chun ***MTF*** DLT a oibriú faoin Rialachán seo, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra do ESMA agus cuirfidh sé ar fáil faisnéis ábhartha maidir le ***córas socraíochta urrús*** DLT agus míniú ar na díolúintí a iarradh, ar an gcúis atá leo agus ar aon bheart cúiteach arna moladh ag an iarrthóir nó arna éileamh ag an údarás inniúil. | Sula ndéanfar cinneadh maidir le hiarratas ar chead sonrach chun ***SSS*** DLT a oibriú faoin Rialachán seo, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra do ESMA agus cuirfidh sé ar fáil faisnéis ábhartha maidir le ***SSS*** DLT agus míniú ar na díolúintí a iarradh, ar an gcúis atá leo agus ar aon bheart cúiteach ***nó ceartaitheach*** arna moladh ag an iarrthóir nó arna éileamh ag an údarás inniúil. |

Or. en

*Réasúnú*

*Ceartúchán (Baineann Airteagal 8 le SSSanna DLT agus ní le MTFanna DLT). Thairis sin, barúil eagarthóireachta.*

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Foilseoidh ESMA ar a shuíomh gréasáin liosta de chóras socraíochta urrús DLT, dátaí tosaithe agus críochnaithe na gceadanna sonracha agus liosta de na ndíolúintí a dheonaítear do gach ceann díobh. | Foilseoidh ESMA ar a shuíomh gréasáin liosta de chóras socraíochta urrús DLT, dátaí tosaithe agus críochnaithe na gceadanna sonracha agus liosta de na ndíolúintí a dheonaítear do gach ceann díobh. ***Thairis sin, foilseoidh ESMA ar a shuíomh gréasáin na hiarrataí sin ar dhíolúintí a rinneadh faoin Rialachán seo, agus cuirfidh sé in iúl i ngach cás cibé acu ar mhol ESMA go nglacfaí an díolúine nó go ndiúltófaí í.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Ba cheart na hiarrataí ar cheadanna agus ar dhíolúintí chomh maith leis na cinntí deiridh a chur ar fáil don phobal. Chun trédhearcacht iomlán a chur ar fáil maidir leis an bpróiseas díolúine, ba cheart iarrataí ar glacadh leo chomh maith leo siúd a diúltaíodh a fhoilsiú, tar éis faisnéis íogair ghnó a bhaint. Ba cheart na moltaí ábhartha, tar éis faisnéis íogair ghnó a*

*bhaint, a fhoilsiú freisin.*

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 8a*** |
| | ***Cead sonrach córas trádála agus socraíochta DLT a oibriú*** |
| | ***1. Féadfaidh duine dlítheanach atá údaraithe mar TLU faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus mar ghnólacht infheistíochta nó oibreoir margaidh faoi Threoir 2014/65/AE cead sonrach a iarraidh chun TSS DLT a oibriú faoin Rialachán seo trí na ceadanna sonracha a leagtar amach in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 a iarraidh.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT. Molann an Rapóirtéir gur cheart bonneagar margaidh DLT a bhfuil cead aige seirbhísí trádála agus iarthrádála araon a fheidhmiú a mheas mar thríú cineál de bhonneagar margaidh DLT faoin Rialachán seo: Córas Trádála agus Socraíochta (TSS) DLT. Is cineál iomlán úrnua bonneagair margaidh a bheadh in eintiteas den sórt sin agus níor cheart é a mheascadh le MTF DLT nó le SSS DLT.*

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) líon agus luach na n-urrús inaistrithe DLT a ligtear isteach chun a dtrádála ar MTF DLT, líon agus luach na n-urrús inaistrithe DLT arna dtaifeadadh ***ag TLU a bhfuil córais socraíochta urrús DLT á n-oibriú aige, agus, i gcás inarb*** | (b) líon agus luach na n-urrús inaistrithe DLT a ligtear isteach chun a dtrádála ar MTF DLT, líon agus luach na n-urrús inaistrithe DLT arna dtaifeadadh ar ***SSS*** DLT ***nó ar TSS DLT***; |

| | |
|---|---|
| | ***infheidhme, líon agus luach na n-urrús inaistrithe arna dtaifeadadh ag gnólacht infheistíochta nó ag oibreoir margaidh a bhfuil MTF*** DLT ***á oibriú aige***; |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) líon agus luach na n-idirbheart arna dtrádáil ar MTF DLT agus arna socrú ag TLU a bhfuil ***córas socraíochta urrús*** DLT á oibriú aige, ***nó i gcás inarb infheidhme***, ag ***gnólacht infheistíochta nó ag*** oibreoir ***margaidh*** a bhfuil ***MTF*** DLT á oibriú aige; | (c) líon agus luach na n-idirbheart arna dtrádáil ar MTF DLT agus arna socrú ag TLU a bhfuil ***SSS*** DLT á oibriú aige ***nó*** ag oibreoir a bhfuil ***TSS*** DLT á oibriú aige; |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ***ar a dhéanaí***, cuirfidh ESMA tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na nithe seo a leanas: | 1. Cuirfidh ESMA ***tuarascáil measúnaithe luathfhágála*** faoi bhráid an Choimisiúin ***faoin... [trí bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus, mura gcuirfear deireadh leis an gcóras a fhorordaítear sa Rialachán seo faoin am*** |

| | |
|---|---|
| | ***sin***, tuarascáil ***deiridh*** faoin [cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] maidir leis na nithe seo a leanas: |

Or. en

*Réasúnú*

*Leis an dréacht-Rialachán, ní cheanglaítear ar ESMA tuarascáil mhionsonraithe ar an gcóras píolótach a chur faoi bhráid an Choimisiúin ach amháin tar éis tréimhse cúig bliana, ar a dhéanaí. Measann an Rapóirtéir go bhfuil an tréimhse cúig bliana rófhada i bhfianaise éabhlóid thapa na teicneolaíochta agus na nuálaíochta airgeadais. Molann sé gur cheart don Choimisiún, ar bhonn comhairle ó ESMA, measúnú maidir le coigeartú nó scor a d'fhéadfadh a bheith ann a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tar éis trí bliana. Mura gcuirtear deireadh leis an gcóras, ba cheart an dara measúnú a thíolacadh tar éis cúig bliana.*

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) líon na MTFanna DLT agus ***TLUnna a bhfuil córas socraíochta urrús á oibriú acu*** agus ar tugadh cead sonrach dóibh faoin Rialachán seo; | (b) líon na MTFanna DLT, ***na SSSanna DLT*** agus ***na TSSanna DLT*** ar tugadh cead sonrach dóibh faoin Rialachán seo; |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) líon agus luach na n-urrús inaistrithe DLT a ligtear isteach chun a dtrádála ar MTFanna DLT, líon agus luach na n-urrús inaistrithe DLT arna dtaifeadadh | (d) líon agus luach na n-urrús inaistrithe DLT arna ligean isteach chun a dtrádála ar MTFanna DLT, líon agus luach na n-urrús inaistrithe DLT arna dtaifeadadh |

| | |
|---|---|
| ag TLUnna a bhfuil ***córais socraíochta urrús*** DLT á n-oibriú acu, ***agus, i gcás inarb infheidhme***, líon agus luach na n-urrús inaistrithe arna dtaifeadadh ag ***MTFanna*** DLT; | ag TLUnna a bhfuil ***SSSanna*** DLT á n-oibriú acu, ***agus*** líon agus luach na n-urrús inaistrithe ***arna dtrádáil*** agus arna dtaifeadadh ag ***TSSanna*** DLT; |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) líon agus luach na n-idirbheart arna dtrádáil ar MTFanna DLT agus arna socrú ag ***TLUnna a bhfuil córas socraíochta urrús DLT á oibriú acu, nó i gcás inarb infheidhme, ag MTFanna DLT***; | (e) líon agus luach na n-idirbheart arna dtrádáil ar MTFanna DLT, ***arna socrú ag SSSanna DLT agus arna dtrádáil ar TSSanna DLT*** agus arna socrú ***acu freisin***; |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) na nósanna imeachta arna gcur ar bun ag MTFanna DLT i gcomhréir le hAirteagal 4(3)(g); | (g) na nósanna imeachta arna gcur ar bun ag MTFanna DLT nó ***TSSanna DLT*** i gcomhréir le hAirteagal 4(3)(g); |

Or. en

*Réasúnú*

*Ailíniú chun loighic choiteann a áirithiú taobh thiar de na ceanglais maidir le bonneagair mhargaidh DLT.*

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) aon saincheisteanna a bhaineann le machaire comhréidh idir, ar thaobh amháin, bonneagair mhargaidh DLT laistigh de chóras píolótach DLT agus, ar an taobh eile, bonneagair mhargaidh DLT agus bonneagair mhargaidh eile ina n-úsáidtear córais leagáide;*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Go háirithe, ní mór tuilleadh anailíse a dhéanamh ar na ceanglais maidir le rochtain oscailte agus idir-inoibritheacht idir bonneagair mhargaidh (DLT). Go deimhin, d'fhéadfadh na forálacha reatha dá bhforáiltear sa Rialachán rioscaí a chruthú maidir le saobhadh ar dhinimicí iomaíochta, ilroinnt an mhargaidh agus éagothromaíocht idir bonneagair mhargaidh DLT laistigh de chóras píolótach DLT agus idir bonneagair mhargaidh DLT agus bonneagair eile mhargaidh a úsáideann córais leagáide. Bunaithe ar an anailís, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tuilleadh coigeartuithe nó forálacha nua a dhéanamh.*

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) na tairbhí a thagann as DLT a úsáid, i dtéarmaí ***aon*** fheabhsú éifeachtúlachta agus ***laghdú riosca*** ar fud an tslabhra trádála agus iarthrádála, lena n-áirítear riosca gan teorainn, maidir le hurrúis inaistrithe DLT a thaifeadadh agus a choinneáil slán, inrianaitheacht idirbheart, ghníomhaíochtaí | (j) na tairbhí ***agus na costais*** a thagann as DLT a úsáid, i dtéarmaí feabhsú éifeachtúlachta ***mar aon le rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do shláine an mhargaidh, do chosaint infheisteoirí agus do chobhsaíocht airgeadais*** ar fud an tslabhra trádála agus iarthrádála, lena n-áirítear riosca gan teorainn, maidir le |

| | |
|---|---|
| corparáideacha, feidhmeanna tuairiscithe agus maoirseachta ar leibhéal an bhonneagair margaidh DLT; | hurrúis inaistrithe DLT a thaifeadadh agus a choinneáil slán, inrianaitheacht idirbheart, ghníomhaíochtaí corparáideacha, feidhmeanna tuairiscithe agus maoirseachta ar leibhéal an bhonneagair margaidh DLT; |

Or. en

*Réasúnú*

*Anuas ar na tairbhí, ba cheart measúnú a dhéanamh ar na costais a eascraíonn as DLT a úsáid.*

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Bunaithe ar an ***tuarascáil*** dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena n-áirítear measúnú costais is tairbhe maidir lenar cheart an méid seo a leanas a dhéanamh i dtaobh an chórais le haghaidh bonneagair mhargaidh DLT faoin Rialachán seo: | 2. Bunaithe ar ***na tuarascálacha*** dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Coimisiún, ***laistigh de thrí mhí tar éis gach tuarascáil a fháil***, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena n-áirítear measúnú costais is tairbhe maidir lenar cheart an méid seo a leanas a dhéanamh i dtaobh an chórais le haghaidh bonneagair mhargaidh DLT faoin Rialachán seo: |

Or. en

*Réasúnú*

*Is é is aidhm don leasú seo spriocdháta a shocrú don Choimisiún chun a thuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.*

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) síneadh a chur leis ar feadh | (a) ***i gcás ina bhfaighfear an*** |

| | |
|---|---|
| tréimhse eile; | ***tuarascáil tar éis ... [trí bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],*** síneadh a chur leis ar feadh tréimhse ***dhá bhliain*** eile; |

Or. en

*Réasúnú*

*Leis an dréacht-Rialachán, ní cheanglaítear ar ESMA tuarascáil mhionsonraithe ar an gcóras píolótach a chur faoi bhráid an Choimisiúin ach amháin tar éis tréimhse cúig bliana, ar a dhéanaí. Measann an Rapóirtéir go bhfuil an tréimhse cúig bliana rófhada i bhfianaise éabhlóid thapa na teicneolaíochta agus na nuálaíochta airgeadais. Molann sé gur cheart don Choimisiún, ar bhonn comhairle ó ESMA, measúnú maidir le coigeartú nó scor a d'fhéadfadh a bheith ann a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tar éis trí bliana. Mura gcuirtear deireadh leis an gcóras, ba cheart an dara measúnú a thíolacadh tar éis cúig bliana.*

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) foirceanta. | (e) foirceanta, ***agus gach cead a tugadh i gcomhréir le hAirteagail 3, 4, 5, 7, 8, 8a, agus 9 aistarraingthe***. |

Or. en

*Réasúnú*

*Molann an Rapóirtéir 'gearradh crua', ina dtéann ceadanna in éag go huathoibríoch a luaithe a chuirtear deireadh leis an gcóras píolótach.*

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ina thuarascáil bunaithe ar thuarascáil ESMA a bheidh faighte faoi... [cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] i gcomhréir le mír 1,*** |

| | |
|---|---|
| | ***molfaidh an Coimisiún an córas do bhonneagair mhargaidh DLT a dhéanamh buan, le leasuithe nó gan leasuithe i gcomhréir le pointe (d) nó é a fhoirceannadh i gcomhréir le pointe (e).*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Mura gcuirfear deireadh leis an gcóras píolótach tar éis trí bliana, déanfaidh an Coimisiún, tar éis cúig bliana, é a bhuanú le nó gan leasuithe, nó é a fhoirceannadh.*

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – fomhír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás ina gcinneann an Coimisiún i bhfabhar fadú de bhun phointe (a), iarrfaidh sé ar ESMA, tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh na tréimhse fadaithe arna leagan síos i bpointe (a), tuarascáil a thíolacadh de bhun mhír 1. Tar éis dó an tuarascáil sin a fháil ó ESMA, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i gcomhréir leis an mír seo.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Mura gcuirfear deireadh leis an gcóras píolótach tar éis trí bliana, déanfaidh an Coimisiún, tar éis cúig bliana, é a bhuanú le nó gan leasuithe, nó é a fhoirceannadh.*

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – fomhír 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuirfidh ESMA tuarascálacha eatramhacha ar fáil d'fhonn faisnéis a*** |

| | |
|---|---|
| | ***sholáthar do rannpháirtithe sa mhargadh maidir le feidhmiú na margaí, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar iompar mícheart oibreoirí, d'fhonn soiléirithe a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus a ghníomhartha cur chun feidhme agus d'fhonn táscairí a tugadh roimhe sin a thabhairt cothrom le dáta bunaithe ar fhorbairt DLT. Foilseofar na tuarascálacha sin go bliantúil. Foilseofar an chéad tuarascáil [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Leis an dréacht-Rialachán, ní cheanglaítear ar ESMA tuarascáil mhionsonraithe ar chóras píolótach DLT a chur faoi bhráid an Choimisiúin ach amháin tar éis tréimhse cúig bliana, ar a dhéanaí. Measann an Rapóirtéir go bhfuil an tréimhse cúig bliana rófhada i bhfianaise éabhlóid thapa na teicneolaíochta agus na nuálaíochta airgeadais. Molann sé go mbeadh faisnéis ann níos minice maidir le forbairt chóras píolótach DLT sa chaoi sin go mbeidh a fhios ag oibreoirí bhonneagair mhargaidh DLT an gá dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid gníomhaíochtaí. Is cosúil go mbeadh tuarascálacha eatramhacha bliantúla oiriúnach chun tuiscint a fháil ar na coigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcóras píolótach bunaithe ar fhorbairt na teicneolaíochta agus ar an taithí a fuarthas ag an tús.*

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 10a*** |
| | ***An tarmligean a fheidhmiú*** |
| | ***1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.*** |
| | ***2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(5a) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse sé bliana ón [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |

***3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(5a) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.***

***4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.***

***5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.***

***6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(5a) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú trí mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.***

Or. en

*Réasúnú*

*Maidir leis an ngníomh tarmligthe arna gcur le hAirteagal 3(5a), is gá Airteagal maidir le feidhmiú an tarmligin a áireamh ann.*

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

## 1. Cúlra

Mar chuid dá phacáiste Airgeadais Dhigitigh, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach dréacht-Rialachán maidir le córas píolótach le haghaidh struchtúir mhargaidh bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte ('Córas Píolótach DLT').

Is é is aidhm don Rialachán atá beartaithe sásra a chur ar fáil lena gceadófar do bhonneagair mhargaidh triail a bhaint as DLT a úsáid ar bhealach srianta áirithe. Go sonrach, bheadh cead ag gnólachtaí, atá údaraithe cheana bonneagair mhargaidh shonracha a oibriú, iarratas a dhéanamh ar dhíolúintí sealadacha sonracha ó shrianta agus ó cheanglais áirithe sa reachtaíocht maidir le seirbhísí airgeadais, agus ar an gcaoi sin bheadh cead acu a ngníomhaíochtaí a athstruchtúrú agus leas á bhaint as DLT acu.

Táthar ag súil go ndéanfaidh an taithí agus an tuiscint atá ag údaráis mhaoirseachta maidir le cur i bhfeidhm reachtaíocht reatha maidir le seirbhísí airgeadais AE ar bhonneagar margaidh atá bunaithe ar DLT bonn eolais a chur faoi fhorbairtí reachtacha amach anseo.

## 2. An Nós Imeachta i bParlaimint na hEorpa

Ceapadh an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) mar an príomhchoiste chun déileáil leis an togra.

## 3. Dréacht-Tuarascáil

Tá an Rapóirtéir den tuairim gur féidir le DLT roinnt buntáistí féideartha a thabhairt maidir le soláthar seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear castacht laghdaithe, luas próiseála feabhsaithe ó cheann go ceann, trédhearcacht agus in-aimsitheacht mhéadaithe maidir le coimeád taifead idirbheart, athléimneacht líonra neartaithe trí bhainistiú sonraí dáilte, agus rioscaí oibríochtúla agus airgeadais laghdaithe. Chun forbairt tionscadail rathúla DLT a chothú ar leibhéal na hEorpa, measann sé go bhfuil sé ríthábhachtach go nglacfadh AE cur chuige uaillmhianach i ndáil leis sin.

Dá bhrí sin, tacaíonn an Rapóirtéir le cuspóirí foriomlána an Rialacháin atá beartaithe, eadhon:

(i) deimhneacht dhlíthiúil a chur ar fáil trí cheanglais aonfhoirmeacha a bhunú maidir le bonneagair mhargaidh DLT a oibriú;

(ii) tacú leis an nuálaíocht trí bhacainní ar chur i bhfeidhm DLT san earnáil airgeadais a bhaint, agus ar an gcaoi sin ligean do bhonneagair mhargaidh agus do rialálaithe taithí a fháil i ndáil leis sin;

(iii) cosaint tomhaltóirí agus infheisteoirí agus sláine an mhargaidh a chothú trí fhoráil a dhéanamh maidir le maoirseacht agus comhar iomchuí idir ESMA agus na húdaráis inniúla náisiúnta; agus

(iv) cobhsaíocht airgeadais a áirithiú trí bhearta coimirce iomchuí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear trí theorainn a chur le méid an Chórais Phíolótaigh agus le cineálacha na n-ionstraimí airgeadais is féidir a thrádáil nó a thaifeadadh.

Ag an am céanna, áfach, tá an Rapóirtéir den tuairim, chun na cuspóirí thuasluaite a bhaint amach, gur féidir an togra ón gCoimisiún a leasú go dearfach, trína gcaithfear aird ar leith a dhíriú ar na nithe seo a leanas:

(i) raon feidhme an Rialacháin atá beartaithe, i dtaca leis na ceanglais ar eintitis a bhfuil cead acu a bheith rannpháirteach sa chóras, na srianta ar urrúis inaistrithe DLT ar féidir a ligean isteach chun a dtrádála ar bhonneagair mhargaidh DLT nó chun a dtaifeadta ag na bonneagair sin, agus caipitliú margaidh (trialach) eisitheoirí urrús inaistrithe DLT;

(ii) an gá atá le machaire comhréidh a áirithiú, idir eintitis a bhfuil cead acu a bheith rannpháirteach i gCóras Píolótach DLT agus freisin maidir le maoirseacht rialála ar fud na mBallstát;

(iii) an gá atá le comhréireacht a áirithiú trí sholúbthacht leordhóthanach a cheadú do mhaoirseoirí, agus trí fhoráil a dhéanamh maidir le forálacha iomchuí i dtaca le haistriú amach as bonneagair mhargaidh DLT nó foirceannadh na mbonneagar sin.

Cuireann an Rapóirtéir i bhfáth nach bhfuil sa dréacht-tuarascáil seo ach túsphointe d'obair ECON ar an Rialachán maidir le Córas Píolótach DLT. Tá sé ag tnúth le hionchur na scáthrapóirtéirí agus tugann sé le fios freisin, cé go raibh an tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE) fós le teacht an dáta a cuireadh an dréacht-tuarascáil seo isteach, go bhfuil sé ar intinn aige moltaí BCE a chur san áireamh agus comhréitigh á bhforbairt laistigh de ECON agus le linn na caibidlíochta trípháirtí leis an gComhairle.

I bhfianaise na mbreithnithe sin, fáiltíonn an Rapóirtéir roimh an dréacht-Rialachán agus molann sé go ndéanfaí roinnt gnéithe den togra ón gCoimisiún a neartú leis na príomh-mhodhnuithe seo a leanas.

### 3.1. Raon feidhme

Déantar foráil sa dréacht-Rialachán maidir le teorainneacha ó thaobh tairseacha airgeadais agus ionstraimí ar féidir glacadh leo faoi Chóras Píolótach DLT. Go deimhin, aithníonn an rapóirtéir oiriúnacht, tábhacht agus riachtanas na dteorainneacha, go háirithe d'fhonn cobhsaíocht airgeadais, cosaint tomhaltóirí agus infheisteoirí agus sláine an mhargaidh a chaomhnú. Agus na cuspóirí sin á gcur san áireamh aige, molann sé go ndéanfaí coigeartú ar na hionstraimí agus ar na tairseacha aonair araon, agus an tairseach chomhiomlán atá molta ag an gCoimisiún á coinneáil ag an am céanna.

Maidir leis na heintitis a bhfuil cead acu oibriú laistigh de Chóras Píolótach DLT, tá an Rapóirtéir den tuairim, cé gur cheart an córas a theorannú do bhonneagair mhargaidh, i.e. saoráidí trádála iltaobhacha (MTFanna) agus Seirbhísí Socraíochta Urrús (SSSanna), gurb iomchuí ceanglais níos déine a fhorchur ar bhonneagair mhargaidh DLT ar mian leo idir róil trádála agus iarthrádála a chomhcheangal. Thairis sin, molann sé foclaíocht atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de maidir leis na cineálacha DLTanna is féidir le bonneagair mhargaidh a úsáid.

*Tairseacha airgeadais*

Cé gur cosúil, leis an tairseach chomhiomlán do mhargadhluach iomlán na n-urrús inaistrithe

arna moladh ag an gCoimisiún, go bhfuil cothromaíocht iomchuí bainte amach idir neamhdhíobhálacht don nuálaíocht agus cosaint i gcoinne rioscaí a d'fhéadfadh cobhsaíocht airgeadais, cosaint infheisteoirí agus sláine an mhargaidh a chur i mbaol, chuimseodh na tairseacha airgeadais aonair atá beartaithe formhór na scaireanna agus na mbannaí atá ar fáil ar mhargadh na n-urrús faoi láthair. Measann an Rapóirtéir go bhfuil gá le cur chuige níos stuama chun an cuspóir thuasluaite a bhaint amach, agus b'fhearr leis go mbeadh tairseacha aonair i bhfad níos ísle ann. Go sonrach, molann sé gur cheart go mbeadh caipitliú margaidh (trialach) eisitheoir urrúis inaistrithe DLT níos lú ná EUR 50 milliún le haghaidh scaireanna agus bannaí araon. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí a mheas gur ionstraim úsáideach é Córas Píolótach DLT arb é is aidhm di cabhrú leis an mbearna mhaoinithe do FBManna a dhúnadh.

*Urrúis inghlactha*

Aithníonn an Rapóirtéir an gá atá le srianta ar na cineálacha urrús ba cheart a ligean isteach laistigh de Chóras Píolótach DLT. Mar sin féin, ní fheictear dó go bhfuil bunchúis ann go gcuirfí cosc ar bhonneagair mhargaidh bannaí ceannasacha a ligean isteach chun a dtrádála nó iad a thaifeadadh ar mhórleabhar dáilte. Ba cheart go mbeadh aireachtaí Airgeadais in ann a rogha sásra eisiúna a chinneadh, agus níor cheart go mbeadh infheistíochtaí ag bogadh ó mhargaí bannaí ceannasacha go margaí bannaí corparáideacha mar thoradh ar an gCóras atá beartaithe, toisc go bhféadfadh sé sin coinníollacha míbhuntáisteacha a chruthú d'eisitheoirí bannaí ceannasacha. Thairis sin, chun a áirithiú go mbeidh táirgí sách tarraingteach, lena n-áirítear d'infheisteoirí institiúideacha, molann an Rapóirtéir go leathnófaí raon feidhme Chóras Píolótach DLT trí aonaid chiste DLT arna dtrádáil ar an malartán (ETF) a chur san áireamh.

*Foclaíocht atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de maidir le húsáid DLTanna*

D'fhéadfadh sé go bhforchuirfí leis an bhfoclaíocht sa togra ón gCoimisiún úsáid DLTanna sonraithe arna n-úsáid go huathúil ag bonneagair mhargaidh shonracha a fheidhmíonn laistigh den Chóras Píolótach, i.e. DLT dílseánaigh. Molann an Rapóirtéir cur chuige níos neodraí, agus cuireann sé in iúl go soiléir, ag an am céanna, gur cheart gur bonneagar margaidh DLT a bheadh i gcónaí faoi dhliteanas i leith feidhmiú aon DLT ar leith, gan beann ar an gcineál DLT a fheidhmíonn sé. Ar bhonn níos ginearálta, aontaíonn an Rapóirtéir leis an gCoimisiún gur cheart cead isteach chun páirt a ghlacadh sa Chóras Píolótach a theorannú do bhonneagair mhargaidh. Ag an am céanna, molann sé go gcruthófaí cineál nua bonneagair margaidh d'oibreoirí ar mian leo idir róil trádála agus iarthrádála a chomhcheangal (féach faoi 3.2. thíos).

### 3.2. Machaire comhréidh

Cuireann an Rapóirtéir i bhfios go láidir go bhfuil Córas Píolótach DLT dírithe go heisiach ar bhonneagair mhargaidh. Cé nach ionann ar chor ar bith na timpeallachtaí iomaíocha idir eintitis atá gníomhach laistigh agus lasmuigh den Chóras Píolótach, d'fhéadfaí feabhas a chur ar roinnt forálacha sa togra ón gCoimisiún chun a áirithiú go mbeidh machaire comhréidh ann idir bonneagair mhargaidh DLT atá in iomaíocht lena chéile laistigh den Chóras Píolótach, agus an bunphrionsabal 'an ghníomhaíocht chéanna, na rioscaí céanna, na rialacha céanna' á chur san áireamh.

Fuair an rapóirtéir inspioráid ina leith sin i dtuarascáil féintionscnaimh Pharlaimint na hEorpa maidir le 'Airgeadas Digiteach: rioscaí atá ag teacht chun cinn ó thaobh criptea-shócmhainní

de – dúshláin rialála agus mhaoirseachta i réimse na seirbhísí, na n-institiúidí agus na margaí airgeadais' 2020/2034(INL). Go deimhin, cuirtear i bhfáth sa tuarascáil sin gur cheart an bunphrionsabal thuasluaite a léiriú in aon bheart Airgeadais Dhigitigh a dhéantar ar leibhéal an Aontais.

*Machaire comhréidh idir MTFanna DLT agus SSSanna DLT*

Foráiltear leis an togra ón gCoimisiún go bhféadfaidh MTFanna DLT gníomhaíochtaí TLU a chur i gcrích faoin gCóras Píolótach, ach ní thugtar an deis chéanna do SSSanna DLT gníomhaíochtaí MTF a chur i gcrích. Thairis sin, tá sé beartaithe faoi láthair go leanfaidh bonneagair mhargaidh DLT rialacha difriúla agus an ghníomhaíocht chéanna á déanamh. Chun éagothromaíocht idir an dá chineál bonneagair margaidh DLT sin a sheachaint, molann an Rapóirtéir cur chuige siméadrach, ina n-éilítear trí athrú chriticiúla:

(i) ní mór do MTF DLT a dhéanann seirbhísí socraíochta na ceanglais chéanna le SSS DLT a leanúint;

(ii) ní mór cead a bheith ag SSS DLT róil MTF DLT a chomhlíonadh; agus

(iii) ní mór cineál nua bonneagair margaidh DLT chun róil trádála agus iarthrádála, ar a dtugtar 'Córas Trádála agus Socraíochta DLT' ('TSS DLT'), a fheidhmiú, a bheith ceadúnaithe faoi MiFID II (le haghaidh a sheirbhísí trádála) agus faoi RTLU (le haghaidh a sheirbhísí socraíochta/nótaire/coimeádta). Trí leasú a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún dá réir, bheadh socruithe an chórais phíolótaigh le haghaidh MTFanna DLT agus SSSanna DLT lena gcomhcheanglaítear seirbhísí trádála agus socraíochta díreach cosúil lena chéile. Buntáiste eile a bhaineann leis an gcur chuige sin is ea go luíonn sé le tosaíochtaí tábhachtacha AE maidir le rialáil agus simpliú níos fearr.

*Comhar idir údaráis inniúla náisiúnta agus ESMA agus maoirseacht orthu*

Sa togra ón gCoimisiún, ceanglaítear ar ESMA tuairim neamhcheangailteach a eisiúint sula bhféadfaidh údarás inniúil náisiúnta cead a thabhairt do bhonneagar margaidh DLT ionchasach. Chun comhsheasmhacht agus comhréireacht na ndíolúintí arna ndeonú ag údaráis inniúla éagsúla ar fud an Aontais a áirithiú agus ar an gcaoi sin an machaire comhréidh a chothú, molann an Rapóirtéir go n-eiseodh ESMA moladh. Murab ionann agus tuairim ó ESMA, tá moladh ó ESMA bunaithe ar an gcur chuige 'comhlíon nó tabhair míniú', i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 (Rialachán ESMA).

### 3.3. Measúnú luathfhágála

Foráiltear sa togra ón gCoimisiún go mairfidh an Córas Píolótach cúig bliana, agus ina dhiaidh sin, bheadh ar an gCoimisiún, ar bhonn comhairle ó ESMA, measúnú a dhéanamh ar na costais agus na tairbhí a bhainfeadh leis an gcóras maidir le bonneagair mhargaidh DLT a leathnú go ceann tréimhse eile, é a leathnú go cineálacha nua ionstraimí airgeadais, é a dhéanamh buan le modhnuithe nó gan mhodhnuithe, nó é a fhoirceannadh. I bhfianaise ardluas nuálaíochtaí teicneolaíochta i gcineálacha áirithe gníomhaíochtaí, tá an Rapóirtéir den tuairim go bhfuil an tréimhse cúig bliana rófhada agus go bhfuil an baol ann nach mbeidh cinnteacht rialála leordhóthanach ag rannpháirtithe sa mhargadh thar thréimhse fhada ama. Anuas air sin, tá amhras air go dtógfaidh sé cúig bliana ar na rannpháirtithe sa mhargadh a fháil amach cén cineál athruithe reachtacha a bheadh inmhianaithe chun forbairt bonneagar margaidh DLT a spreagadh i ndáiríre. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir gur cheart don Choimisiún, ar bhonn

comhairle ó ESMA, tuarascáil measúnaithe luathfhágála maidir le coigeartú nó scor a d'fhéadfadh a bheith ann a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tar éis trí bliana. Mura gcuirtear deireadh leis an gcóras faoin am sin, ba cheart tuarascáil deiridh a thíolacadh tar éis cúig bliana, mar a fhoráiltear sa togra faoi láthair.

Ina theannta sin, táthar ag dréim leis, dá fhad a leantar leis an gcóras píolótach, gurb ea is dóchúla go sárófar na tairseacha airgeadais, agus gurb ea is mó a bheidh aon iarrachtaí féideartha aistrithe chuig córas níos buaine. I bhfianaise na mbreithnithe sin, molann an rapóirtéir go dtabharfaí lánrogha don Choimisiún, bunaithe ar chomhairle ó ESMA, tairseacha áirithe a choigeartú trí ghníomh tarmligthe. Ba cheart aon chinneadh den sórt sin a bheith bunaithe ar athbhreithnithe tréimhsiúla a rinneadh roimhe sin.